Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6987/26**

**MAR 28**
**TRANS 116**
**IND 163**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 111 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 111 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2026
COM(2026) 111 final

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

**maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais**

1. **RÉAMHRÁ**

**Is mór-roinn uisce-iompair í an Eoraip**. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit i gceannas ar an limistéar muirí comhchoiteann is mó ar domhan, ina bhfuil 25 mhilliún km² de Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha[1]. Tá ceann de na cóstaí is faide ar domhan ag an Aontas, a chuimsíonn 70 000 km ar fud 22 Bhallstát, agus gréasán 42 000 km d'uiscebhealaí intíre, lena mbaineann na mílte calafort, muiríní, longchlós agus soláthróirí, rud a léiríonn gur gá acmhainneacht mhargadh aonair uisce-iompair na hEorpa a ghiaráil a thuilleadh.

**Is earnálacha straitéiseacha iad tionscal monaraíochta[2] agus tionscal loingseoireachta[3] muirí na hEorpa** d'uathriail, athléimneacht, cosaint, slándáil eacnamaíoch, rathúnas agus dícharbónú na hEorpa agus d'úsáid agus cosaint inbhuanaithe shócmhainní agus acmhainní a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach. Is ceannaire domhanda í earnáil monaraíochta muirí na hEorpa sa longthógáil chasta ardleibhéil agus in ardteicneolaíochtaí. Spreagann sí nuálaíocht san uisce-iompar inbhuanaithe agus i ngníomhaíochtaí an gheilleagair ghoirm agus is bunchloch í den fhás tionsclaíoch réigiúnach. Is príomhsholáthraí seirbhísí muirí ar fud an domhain í earnáil loingseoireachta na hEorpa, áirithíonn sí soláthairtí earraí riachtanacha, cumasaíonn sí trádáil, agus rannchuidíonn sí le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais. Cinntear léi freisin, in éineacht le deighleoga uisce-iompair eile, an t-éileamh ar tháirgí agus seirbhísí monaraíochta muirí, agus múnlaíonn sí roghanna teicneolaíocha.

Tá an dá earnáil ríthábhachtach chun acmhainneacht mhíleata an Aontais agus na mBallstát a fheabhsú trí ghluaiseacht trúpaí a éascú agus trí shoithí cabhlaigh agus dé-úsáide sibhialta agus míleata a sholáthar. Tá siad ríthábhachtach freisin chun bonneagar digiteach an Aontais agus bonneagar fuinnimh an Aontais amach ón gcósta a chur in úsáid agus a chosaint, amhail píblínte, cáblaí leictreachais agus sonraí agus feirmeacha gaoithe. Tá acmhainneacht nuálaíochta thábhachtach ag fodheighleoga eile, amhail turasóireacht chúrsála agus mhuirí, chun a n-inbhuanaitheacht a fheabhsú.

**Tá dúshláin roimh an éiceachóras uisce-iompair sin**. Cuirtear i dtábhacht i dtuarascálacha Draghi[4] agus Niinistö[5] a neamhchosanta atá sé ar dhianiomaíocht agus ar theannas domhanda, ar spleáchais mhéadaitheacha ar tháirgeadh agus ar mhaoiniú long tríú tír, ar dhícharbónú, agus ar lucht saothair atá ag dul in aois a bhfuil uas-sciliú agus athsciliú de dhíth orthu.

**Tá creat beartais de dhíth ar an Eoraip lena gcosnaítear a tionscal monaraíochta muirí agus a tionscal loingseoireachta muirí agus lena gcuirtear borradh fúthu**, lena bhfeabhsófar a n-acmhainneacht nuálaíochta, lena gcuirfear an digitiú, an inbhuanaitheacht agus an dícharbónú chun cinn mar fhoinsí deiseanna tionsclaíocha, lena spreagfar ceannaireacht theicneolaíoch agus lena neartófar a n-iomaíochas. In éineacht le calafoirt, tá na tionscail sin ríthábhachtach do sheasamh an Aontais sa réimse geopholaitiúil

---

[1] Lena n-áirítear ar fud na réigiún is forimeallaí san Aontas

[2] Le coincheap na "monaraíochta muirí" cuimsítear raon leathan gníomhaíochtaí agus seirbhísí tionsclaíocha lena n-áirítear: 1) soithí farraige agus loingseoireachta intíre, báid, ardáin ar snámh agus aonaid speisialaithe dromchla agus faoi uisce eile a thógáil, a dheisiú, a chothabháil, a thiontú, a iarfheistiú, a dhíchóimeáil agus a athchúrsáil 2) trealamh agus teicneolaíochtaí a tháirgeadh le haghaidh gníomhaíochtaí muirí, calafoirt agus geilleagair ghoirm.


[3] Áirítear sa téarma 'loingseoireacht' gach deighleog de sheirbhísí iompair lasta agus paisinéirí ar muir, lena n-áirítear loingseoireacht chósta, loingseoireacht ghearrthurais agus loingseoireacht domhainfharraige, seirbhísí loingseoireachta speisialaithe chomh maith le samhlacha gnó loingseoireachta fáin agus línéir araon

[4] Todhchaí iomaíochas na hEorpa: Tuarascáil ó Mario Draghi (2024)

[5] Ullmhacht shibhialta agus mhíleata na hEorpa a neartú: Tuarascáil ón gComhairleoir Speisialta Niinistö (2024)

luaineach agus d'uathriail straitéiseach, slándáil eacnamaíoch agus ullmhacht an Aontais. Dá bhrí sin, tá Straitéis Eorpach um Chalafoirt á beartú ag an gCoimisiún freisin – in éineacht leis an straitéis mhuirí thionsclaíoch seo.

**Anois an t-am chun gníomhú.** Sa straitéis mhuirí thionsclaíoch seo de chuid an Aontais, lena gcuirtear leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus le tionscnaimh ghaolmhara éagsúla de chuid an Aontais[6], leagtar amach fís agus cur chuige faoi shé cholún:




## 2. TÓGÁIL, FEISTIÚ & DEISIÚ

Tá earnáil láidir monaraíochta muirí straitéiseach[7] do cheannasacht na hEorpa. Cuireann sé ar chumas na hEorpa soithí, trealamh, ardáin agus teicneolaíochtaí a thógáil agus a chothabháil a bhfuil gá leo chun a leasanna ríthábhachtacha a chur chun cinn agus a chosaint: ó neamhspleáchas fuinnimh, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus soláthar bia[8] go cosaint teorann, cosaint, cosaint bonneagair chriticiúil, soghluaisteacht mhíleata, breathnóireacht na n-aigéan agus loingseoireacht Artach[9].

Tá sé ríthábhachtach mais chriticiúil longthógála tráchtála a chaomhnú san Aontas chun longthógáil chabhlaigh a chothú, i bhfianaise na n-idirnasc láidir dé-úsáide agus na

[6] Lena n-áirítear Compás Iomaíochais don Aontas (COM(2025) 30 final), an Comhshocrú Eorpach um an Aigéan (COM(2025) 281 final), Straitéis Slándála Muirí an Aontais (14280/23), an Straitéis Athléimneachta maidir le hUisce (COM(2025) 280 final) agus an Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú (COM(2021)400 final).

[7] Tá 300 longchlós agus 28 000 monaróir trealaimh mhuirí san áireamh i monaraíocht mhuirí na hEorpa. Rinneadh anailís ón mbun aníos ar shaintréithe, riachtanais, dúshláin agus deiseanna na hearnála i gcomhthéacs na Conaire Aistrithe Soghluaisteachta (2024). Léirítear moltaí an chleachtaidh sin sa Straitéis seo.

[8] Trí e.g. soithí speisialaithe, ardáin tiontaire agus ardáin ar snámh, bunstruchtúir agus bonneagar leictreach le haghaidh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta i gcoitinne agus go sonrach fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, dreidirí ardfhorbartha lena gcumasaítear cosaint ar leibhéil farraige atá ag ardú agus ar thuilte abhann agus soithí le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe. Go sonrach, maidir le soithí iascaireachta, foilseoidh an Coimisiún treochlár maidir le haistriú fuinnimh iascach agus dhobharshaothrú an Aontais faoi R3 2026, ina dtreoróidh sé an earnáil maidir leis an aistriú fuinnimh agus ina mbaileoidh sé léargais agus moltaí ón gcomhpháirtíocht um aistriú fuinnimh in iascach agus dobharshaothrú an Aontais

[9] Trí shoithí patróil agus cabhlaigh, soithí cáblaí fomhuirí, soithí dé-úsáide, soithí taighde, teicneolaíochtaí le haghaidh thaiscéalaíocht, bhreathnóireacht, fhaireachán agus fhaireachas na n-aigéan, bristeoirí oighir agus soithí atá in ann dul ar oighear

crostoirchithe[10]. Tá sé tábhachtach freisin chun slabhraí soláthair inmharthana a choinneáil ar bun san Eoraip, lena ndaingneofar rialú na bpríomhtheicneolaíochtaí agus an tsaineolais. Tá sé sin ríthábhachtach chun poist, infheistíocht agus nuálaíocht a chothú ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear i limistéir fhorimeallacha, ar oileáin agus sna réigiúin is forimeallaí. Tá cumais deisithe, cothabhála, tiontaithe, iarfheistithe agus athchúrsála long ríthábhachtach chun sábháilteacht, dícharbónú agus ciorclaíocht an uisce-iompair a chur chun cinn.

### *2.1 Monaraíocht mhuirí an Aontais: fás agus iomaíochas a chothú sna margaí tosaigh*

Sa lá atá inniu ann, tá an Eoraip fós ina ceannaire domhanda i gcás roinnt de na cineálacha long is sofaisticiúla ó thaobh na teicneolaíochta de (e.g. cúrsáil, cabhlach, bristeoirí oighir, soithí taighde, soithí cáblaí fomhuirí, soithí tacaíochta gaoithe amach ón gcósta, ardáin ar snámh agus ardáin tiontaire, luaimh agus árthaí áineasa), córais tiomána ghlana agus ardtrealamh. Agus 97 % de chabhlach long cúrsála an domhain tógtha san Eoraip, tá táirgeadh cúrsála ríthábhachtach don Eoraip chun a cumais chasta longthógála a chothabháil agus a fheabhsú i ndeighleoga eile atá fíor-riachtanach ó thaobh uathriail straitéiseach de.

I ndeighleoga eile den mhargadh, eadhon i longthógáil cheannaíochta, chaill longchlóis Eorpacha sciartha den mhargadh domhanda le blianta beaga anuas mar gheall ar mhargadh idirnáisiúnta saofa, a ndéanann infheistíochtaí ollmhóra faoi stiúir an stáit i dtríú tíortha, cleachtais neamh-mhargaidh chomh maith le difreálaigh costais saothair agus fuinnimh difear dóibh. Cé go bhfuil longchlóis Eorpacha speisialaithe i margaí ardluacha ísealtoirte, tá iomaitheoirí eachtracha ag dul isteach sna deighleoga sin freisin. Tá tionscal an Aontais ag titim ar gcúl le déanaí roimh thíortha amhail an tSín i ndeighleoga straitéiseacha longthógála, amhail báid farantóireachta[11] agus soithí suiteála gaoithe amach ón gcósta. Tá méadú ag teacht freisin ar na dúshláin a bhaineann le ceannaireacht i soithí faoi uisce, i dtrealamh muirí agus i dtrealamh calafoirt.

Chun bonn monaraíochta muirí na hEorpa a chaomhnú agus chun leas a bhaint as a acmhainneacht nuálach, ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit iarrachtaí beartais thionsclaíoch a dhíriú ar na réimsí inar féidir na torthaí is fearr a bhaint amach go réalaíoch, i.e. **deighleoga ardluacha a bhfuil acmhainneacht thionsclaíoch láidir acu le haghaidh monaraíochta san Aontas[12].**

---

[10] Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach nua maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú (JOIN (2025)977), ina gcuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i mbonn tionsclaíoch bríomhar, aithnítear go sonrach gur earnáil straitéiseach dé-úsáide í an longthógáil

[11] Ba é 38 % an sciar de mhargadh longthógála na hEorpa i líon na mbád farantóireachta mórmhéide (i.e. os cionn 5 000 GT) a seachadadh chuig margadh intíre (an Aontais) in 2020-24, agus seachadadh trí long in aghaidh na bliana ar an meán. Ceannaire domhanda go dtí 2010, laghdaigh sciar na hEorpa den mhargadh domhanda go dtí thart ar 15 % in 2020-24 (ó 60 % in 2010).

[12] Leis an dícharbónú, an digitiú, an méadú a mheastar a thiocfaidh ar chur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta agus teacht chun cinn margaí nua fáis sa gheilleagar gorm, amhail teicneolaíochtaí breathnóireachta faoi uisce agus aigéan, soghluaisteacht mhíleata agus an borradh faoi infheistíochtaí cosanta, cuirtear deiseanna ar fáil chun bonn monaraíochta muirí na hEorpa a ghiaráil agus a neartú. Mar shampla, faoi 2030, meastar go n-ardóidh an líon bád farantóireachta in-leictrithe go dtí suas le 364, ag brath ar thosca amhail feabhas ar rátaí dlúis fuinnimh ceallraí agus rátaí imscartha cumhachta ar talamh. Idir 2020 agus 2050, meastar go ndéanfar iarfheistiú ar dhá thrian den chabhlach reatha de 12,000 soitheach loingseoireachta intíre a oibríonn ar uiscebhealaí Eorpacha agus is soithigh nua a bheidh in aon trian díobh (thart ar 140 soitheach nua in aghaidh na bliana).

**Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais**

**A**

**Ceannaireacht dhomhanda na hEorpa a chomhdhlúthú**

longthógáil chasta ardteicneolaíochta (amhail e.g. cúrsáil, cabhlaigh, soithí agus ardáin speisialaithe) chomh maith le córais tiomána ghlana (lena n-áirítear tiomáint ghaoithe), ardtrealamh, laghdú astaíochtaí, éifeachtúlacht fuinnimh, teicneolaíochtaí digiteacha agus uathoibrithe.

**B**

**An Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta i ndeighleoga atá ag teacht chun cinn.**

longthógáil faoi uisce agus teicneolaíochtaí aigéin, lena n-áirítear ladrainn dhromchla agus ladrainn faoi uisce agus córais faireachais gan foireann, róbataithe agus uathrialacha, chomh maith le teicneolaíochtaí fuinnimh gaoithe, taoide agus tonnta ar snámh.

**C**

**Seasamh tionsclaíoch na hEorpa a neartú**

tógáil soithí loingseoireachta gearrthurais den chéad ghlúin eile, soithí loingseoireachta gearrthurais ísealcharbóin agus soithí loingseoireachta intíre saor ó charbón, lena n-áirítear báid farantóireachta leictreacha agus báirsí leictreacha, soithí iascaireachta, dreidirí, tugaí agus báid oibre, trealamh calafoirt, deisiú inbhuanaithe long, cothabháil, oibríochtaí tiontaithe agus iarfheistithe.

**CUSPÓIR**: tacú le tionscal monaraíochta muirí an Aontais a uaillmhian a bhaint amach maidir le idir 7,000 agus 10,000* soitheach inbhuanaithe agus digitithe a sholáthar nó a iarfheistiú faoi 2035

**Forógra Mhuir na hEorpa "Setting sail to build in Europe 10,000 sustainable and digitalized vessels by 2035" [Seol a shocrú chun 10,000 soitheach inbhuanaithe agus digitithe a thógáil san Eoraip faoi 2035]'* (2024)

Chun an uaillmhian sin a bhaint amach, beidh gá le bearta atá dírithe ar sholáthar agus ar éileamh araon agus leis na coinníollacha cumasúcháin cearta, lena n-áirítear dlúthchomhar poiblí-príobháideach. Chuige sin, seolfaidh an Coimisiún **Comhghuaillíocht an Aontais um Shlabhraí Luacha Tionsclaíocha Muirí** chun ceannasacht thionsclaíoch agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú i margaí tosaigh roghnaithe sa mhonaraíocht mhuirí agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Tabharfaidh an Chomhghuaillíocht le chéile páirtithe leasmhara ón éiceachóras uisce-iompair chomh maith le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha. Réiteoidh sé an bealach chun cásanna gnó a shainaithint le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha san Eoraip, rud a éascóidh treochláir chomhpháirteacha agus píblínte tionscadail i réimsí sainaitheanta. Oibreoidh an Chomhghuaillíocht freisin chun tacú leis an Aontas agus leis na Ballstáit tosaíochtaí infheistíochta a ailíniú, dreasachtaí forlíontacha a shainaithint chun éileamh agus sineirgí a chothú ar fud an tslabhra luacha san Eoraip agus sásraí tacaíochta an Aontais a chomhordú le tionscadail náisiúnta.

### *2.2 Bonn táirgthe muirí an Aontais a nuachóiriú*

**Faoi 2030, ní mór do thionscal na hEorpa tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo monaraíocht mhuirí chliste agus ghlan,** agus digitiú, róbataic ardfhorbartha, intleacht shaorga, modúlacht, éifeachtúlacht fuinnimh agus ciorclaíocht i bpróisis thionsclaíocha á ngiaráil. Tá sé sin fíor-riachtanach chun an mhonaraíocht mhuirí san Eoraip a dhéanamh níos athléimní agus níos costéifeachtaí, chun dúshláin a bhaineann le ganntanas lucht saothair atá ag bagairt a mhaolú, chun táirgiúlacht a fheabhsú agus chun acmhainneacht oibríochtúil saoráidí tionsclaíocha a leathnú.

I **longchlóis bheaga agus mheánmhéide**, ní mór an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí monaraíochta nuálacha a mhéadú, a mhéid a bhaineann le hábhair, próisis, IS agus scileanna. Dá bhrí sin, tá **Glao Suaitheanta T & N 'Longchlóis na todhchaí'**[13] á chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun tacú le tástáil agus taispeáint teicneolaíochtaí den sórt sin in éiceachóras longchlós fíorshaoil, d'fhonn torthaí a mhacasamhlú agus a scálú a thuilleadh.

Is féidir le scrogaill a bhaineann le ceadanna riaracháin teorainn a chur le cumas longchlós saoráidí a leathnú nó a nuachóiriú nó teicneolaíochtaí dícharbónaithe a shuiteáil, amhail bonneagar le haghaidh buncaeireacht breosla ghlain nó leictriú dugaí. Leis an Rialachán a moladh le déanaí maidir le dlús a chur le measúnú comhshaoil[14] agus leis an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha, is féidir dlús a chur le leictriú láithreán tionsclaíoch, lena n-áirítear i limistéir chalafoirt, amhail saoráidí deisithe agus cothabhála long agus ba cheart do na comhreachtóirí é a ghlacadh a luaithe is féidir. **Leis an nGníomh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht atá beartaithe,** déanfar nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú, nósanna imeachta le haghaidh saoráidí monaraíochta muirí san áireamh.

Ar deireadh, féachfaidh an Coimisiún, i gcomhar le páirtithe leasmhara, i gComhghuaillíocht an Aontais um Shlabhraí Luacha Tionsclaíocha Muirí, ar bhealaí chun sineirgí trasteorann sa táirgeadh agus sa slabhra soláthair a bharrfheabhsú, caighdeánú a chur chun cinn inar féidir barainneachtaí scála a bhaint amach, e.g. chun costais am chur i bhfeidhm a laghdú maidir le comhpháirteanna áirithe le haghaidh soithí den chéad ghlúin eile.

### *2.3 Soláthar poiblí agus maoiniú a ghiaráil chun tacú le ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais*

Is féidir le húsáid straitéiseach an tsoláthair phoiblí cuidiú leis an éileamh ar earraí agus seirbhísí glana nuálacha *Déanta san Aontas Eorpach* a chothú, lena n-áirítear príomhshoithí straitéiseacha i margaí tosaigh[15] atá ríthábhachtach d'athléimneacht agus do shlándáil eacnamaíoch an Aontais.

Oibreoidh an Coimisiún le Ballstáit an Aontais/LEE chun **píblíne chomhiomlánaithe ilbhliantúil d'orduithe poiblí a shainaithint agus a éascú ar fud ceannaitheoirí poiblí an Aontais/LEE** chun comhartha éilimh phoiblí comhiomlánaithe fadtéarmach a chruthú i ndeighleoga ábhartha (e.g. báid farantóireachta, soithí taighde, bristeoirí oighir, tugaí, ladrainn[16]) agus chun ullmhacht earnáil monaraíochta muirí na hEorpa a éascú chun an t-éileamh sin a chomhlíonadh.

I gcomhthéacs an athbhreithnithe atá ar na bacáin ar chreat soláthair phoiblí an Aontais, molfaidh an Coimisiún **ceanglais spriocdhírithe neamhphraghais,** i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta, i ndeighleoga straitéiseacha roghnaithe soláthair phoiblí, chun tacú le cuspóirí athléimneachta tionsclaíche agus slándála eacnamaíche an Aontais.

---

[13] Clár Oibre 2026-27 Fís Eorpach — CL5-2026-05-D5-12). Buiséad táscach: EUR 21,00 mhilliún.

[14] Togra le haghaidh Treoir athbhreithnithe chun dlús a chur le nós imeachta um dheonú ceadanna maidir le tionscadail infra (COM(2025) 1007 final).

[15] I measc na samplaí a d'fhéadfadh a bheith ann tá báid farantóireachta a fháil go díreach le haghaidh iompar áitiúil, uirbeach agus ar oileán, soithí aigéaneolaíochta agus taighde, bristeoirí oighir, báid oibre, soithí rialaithe truaillithe, soithí cuardaigh agus tarrthála, soithí oiliúna agus tarrthála, soláthar comhpháirteanna, seirbhísí deisiúcháin agus speisialaithe mar shócmhainní agus teicneolaíochtaí cabhlaigh, patróil agus garda cósta

[16] Agus bunú Chabhlach Chúltaca Soithí Cáblaí ilchuspóireacha an Aontais á chur san áireamh, agus i sineirge leis, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cáblaí (JOIN/2025/9 final), agus le gníomhaíochtaí ábhartha faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le slándáil drón, agus slándáil frithdhrón (COM(2026) 81 final).

Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar spleáchais sheachtracha agus ar riachtanais maidir le critéir neamhphraghais chun soithí speisialaithe a sholáthar i ndearadh coinníollacha ceantála le haghaidh tionscadail straitéiseacha mhuirí, fuinnimh in-athnuaite nó faoi uisce.

Is féidir le cistiú poiblí an t-éileamh príobháideach ar tháirgí cliste agus glana a neartú freisin, rud a chuireann nuálaíocht agus cruthú luacha chun cinn san Aontas. Chuige sin, áiríodh **coinníollacha tosaíochta spriocdhírithe an Aontais chun** teicneolaíochtaí agus cumais straitéiseacha a chosaint i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta sna tograí le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (2028-2034), agus go háirithe sa togra maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI).

Leis an **Teachtaireacht Chomhpháirteach nua maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú[17]** moltar go láidir do na Ballstáit, do ghrúpa BEI agus d'institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile chomh maith le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh atá ag cur buiséid náisiúnta nó buiséid an Aontais chun feidhme, breithnithe slándála eacnamaíche a chomhtháthú i gcinntí cistiúcháin[18].

## *2.4 Iomaíocht chóir le tríú tíortha a áirithiú*

Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún iomaíocht chóir a chinntiú ar fud an domhain agus tionscal monaraíochta muirí na hEorpa a chosaint ar chleachtais dhíobhálacha trádála, amhail praghsáil chreachach, fóirdheonú nach bhfuil dírithe ar an margadh, sárú ar Chearta Maoine Intleachtúla agus aistrithe éigeantacha teicneolaíochta i dtríú tíortha.

**Seolfaidh an Coimisiún idirphlé struchtúrtha le tionscal monaraíochta muirí an Aontais**, b'fhéidir i gcomhthéacs Chomhghuaillíocht na Slabhraí Luacha Tionsclaíocha Muirí, d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar a chumais faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar bheartas domhanda longthógála agus ar fhorbairtí sa mhargadh, ar rioscaí straitéiseacha, ar bhagairtí ar athléimneacht an tslabhra soláthair agus ar dheiseanna ina leith chomh maith le bacainní ar rochtain ar an margadh i dtríú tíortha. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún, *inter alia*, Comhghuaillíocht nua an Aontais um Shlabhraí Luacha Tionsclaíocha Muirí a ghiaráil chomh maith le líonra a thoscaireachtaí de chuid an Aontais agus an Mol Faisnéise nua maidir leis an tSlándáil Eacnamaíoch, mar a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach nua maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú[19]. Cuideoidh sé sin le réimsí a bhrath agus a shainaithint ar bhealach níos fearr ina bhfuil, nó ina bhféadfadh cleachtais éagóracha trádála i dtríú tíortha a bheith díobhálach do longchlóis agus do mhonaróirí trealaimh an Aontais agus bonn eolais a chur faoi bhearta nó gníomhaíochtaí trádála a d'fhéadfadh a bheith ann chun iomaíocht chóir a áirithiú.

Maidir leis an tionscal a chosaint ar bhealach níos fearr ar chleachtais dhíobhálacha trádála, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- **Measúnú a dhéanamh ar roghanna agus ionstraim nua earnáilsonrach, nó leasuithe spriocdhírithe ar a bhosca uirlisí beartais trádála, a mholadh[20],** i gcás inar gá agus inarb indéanta, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta. Díreofar sna roghanna ar dheighleoga sonracha atá ríthábhachtach d'uathriail straitéiseach agus do

[17] (JOIN (2025)977)
[18] Áirítear leis sin tús áite a thabhairt do thacaíocht do ghnólachtaí an Aontais a laghdaíonn spleáchais eachtracha in earnálacha criticiúla agus a chuireann cosc ar sholáthróirí ardriosca tríú tír rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas agus ar chistiú náisiúnta
[19] (JOIN (2025)977)
[20] I bhfianaise nach féidir Rialachán (AE) 2016/1035 maidir le cosaint i gcoinne praghsála díobhálaí long a chur i bhfeidhm toisc nár daingníodh Comhaontú Longthógála ECFE 1994.

shlándáil eacnamaíoch na hEorpa agus ina bhfuil longchlóis an Aontais fós gníomhach ach ina bhfuil iomaíocht éagórach thar muir iontu[21].

- **Comhaontuithe trádála agus infheistíochta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a ghiaráil** chun leasanna bhonn monaraíochta muirí an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain ar an margadh, frith-fhóirdheontas, oibleagáidí trédhearcachta agus forálacha cosanta ceart maoine intleachtúla.
- **Iarrachtaí a athsheoladh i dtreo comhaontú idirnáisiúnta amach anseo i réimse na longthógál**a lena rachfaí i ngleic le cleachtais neamh-mhargaidh san earnáil.

Leanfaidh an Coimisiún de chothrom iomaíochta a chothú i gcreidmheasanna onnmhairiúcháin do longa tríd an **Tuiscint Earnála maidir le Longa[22] a fhorbairt a thuilleadh i Socrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil**, lena n-áirítear trí fhorálacha sonracha le haghaidh longa astaíochtaí nialasacha agus ísle. Oibreoidh an Coimisiún freisin chun tacú le longchlóis, monaróirí trealaimh agus soláthraithe seirbhíse an Aontais ar mhargaí tríú tíortha **trí uirlis mhaoiniúcháin nua a chruthú ar leibhéal an Aontais le haghaidh Creidmheasanna Onnmhairiúcháin[23].**

### *2.5 An creat domhanda athchúrsála long a neartú agus ciorclaíocht mhuirí a chur chun cinn*

Trí longa a athchúrsáil, is féidir ábhair luachmhara amhail cruach, copar agus alúmanam a aisghabháil agus a athúsáid, rud a laghdaíonn an gá atá le heastóscadh acmhainní neamhshaothraithe agus a thacaíonn le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh. Táthar ag tuar go ndéanfar breis agus 16,000 long a athchúrsáil sna deich mbliana amach romhainn. Beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún **Coinbhinsiún Hong Cong maidir le hAthchúrsáil Long a neartú[24]** chun creat domhanda atá cothrom le dáta agus níos láidre a chur ar fáil. I ndeireadh na dála, is é an cuspóir atá ann ailíniú iomlán a bhaint amach idir rialacha idirnáisiúnta agus Rialachán an Aontais maidir le hAthchúrsáil Long agus cleachtais athchúrsála shábháilte, inbhuanaithe agus fhreagracha a áirithiú go hidirnáisiúnta.

Ina theannta sin, féachfaidh an Coimisiún ar bhealaí chun tacú le **leathnú acmhainneacht athchúrsála long intíre an Aontais** trína dhéanamh níos costéifeachtúla agus trí oibriú le comhpháirtithe trádála a bhfuil acmhainneacht athchúrsála long acu, ag tosú leis an India, chun ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta a chothú, ag tógáil ar Rialachán an Aontais maidir le hAthchúrsáil Long. Ós rud é go mbeidh ábhair athchúrsáilte ag éirí níos luachmhaire le haghaidh táirgeadh glas san Aontas, tá an Coimisiún réidh chun cúnamh a thabhairt do pháirtithe leasmhara cineálacha cur chuige *cliabhán go cliabhán* an Aontais a fhorbairt sa tionscal muirí ar fud braislí déanta cruach, longthógála agus athchúrsála long

---

[21] E.g. cineálacha long atá fíor-riachtanach don tsoghluaisteacht mhíleata agus do shábháilteacht soláthairtí le linn géarchéimeanna, amhail báid farantóireachta agus soithí loingseoireachta intíre, chomh maith le longa speisialaithe atá ríthábhachtach chun bonneagar fuinnimh agus digiteach amach ón gcósta na hEorpa a chosaint

[22] Ciallaíonn sé sin cothrom iomaíochta a bhunú (ina bhfuil an iomaíocht bunaithe ar phraghas agus ar cháilíocht na long seachas ar na téarmaí airgeadais a chuirtear ar fáil), agus oibriú chun deireadh a chur le saobhadh trádála a bhaineann le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil.

[23] Chuirfeadh an uirlis nua sin tacaíocht airgeadais ón Aontas ar fáil do Ghníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin náisiúnta an Aontais chun iomaíochas a dtairiscintí airgeadais a fheabhsú, lena n-áirítear do cheannaitheoirí idirnáisiúnta long.

[24] Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Hong Cong maidir le hAthchúrsáil Long ar Bhealach Sábháilte agus Neamhdhíobhálach don Chomhshaol (2009)

agus dramhaíola san Eoraip[25], lena gcothófar sineirgí tionsclaíocha, deiseanna tionsclaíocha agus dea-chleachtais chomhshaoil.

**Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do straitéisí ciorclaíochta muirí** ó dhearadh go haisghabháil deireadh ré agus ábhair trí thacaíocht T & N[26]. Beidh an treochlár maidir le cur chun feidhme an gheilleagair chiorclaigh le haghaidh báid áineasa a bhfuil a ré caite[27], lena leagtar síos spriocanna atá le baint amach faoi 2030, ina threoir d'iarrachtaí breise sa réimse sin.

***Gníomhaíochtaí suaitheanta***

- *Comhghuaillíocht an Aontais um Shlabhraí Luacha Tionsclaíocha Muirí a sheoladh chun ceannaireacht i margaí tosaigh a chothú*
- *Tacú le claochlú digiteach, glan agus ciorclach longchlós Eorpach ('Longchlóis na Todhchaí')*
- *An soláthar poiblí agus cistiú an Aontais a ghiaráil mar a mholtar in CAI, chun tacú le ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais, lena n-áirítear trí phíblínte orduithe poiblí agus critéir spriocdhírithe neamhphraghais agus slándála eacnamaíche*
- *Gníomhaíochtaí chun iomaíocht chóir a áirithiú go hidirnáisiúnta do longchlóis agus monaróirí trealaimh an Aontais, lena n-áirítear creidmheasanna onnmhairiúcháin do longa agus, i gcás inar gá agus inarb indéanta, bearta trádála earnáilsonracha*

## 3. IOMPAR & NASC

Iompraíonn an t-iompar muirí mar earnáil straitéiseach thart ar 75 % de thrádáil sheachtrach an Aontais agus 30 % de lasta laistigh den Aontas. Is é an cabhlach atá faoi rialú an Aontais an cabhlach is mó ar domhan, agus bíonn sé ag plé le níos mó ná aon trian den tonnáiste loingseoireachta domhanda ar fud na ranna uile. Coinníonn oibreoirí Eorpacha seasaimh láidre ar an margadh san iompar coimeádán agus san iompar builc, san iompar fuinnimh agus i seirbhísí muirí an-speisialaithe. Tá naisc mhuirí paisinéirí agus lasta ríthábhachtach d'oileáin an Aontais agus do na réigiúin is forimeallaí, rud a áirithíonn comhtháthú críochach agus a thacaíonn le pobail áitiúla agus leis an turasóireacht. Cabhlaigh a bhfuil bratach de chuid an Aontais ar foluain orthu agus atá faoi rialú an Aontais, aithnítear go hidirnáisiúnta iad as a gcaighdeáin eiseamláireacha maidir leis an tsábháilteacht agus an tslándáil, an nuálaíocht agus feidhmíocht chomhshaoil[28].

An tráth céanna, tá earnáil muiriompair an Aontais ag feidhmiú i dtimpeallacht suaite agus luaineachta polaitiúla atá ag éirí níos casta, costais aistrithe fuinnimh atá ag ardú, lucht saothair atá ag dul in aois agus dianiomaíocht dhomhanda, go háirithe ón Áise Thoir agus ón Áise Thoir Theas. Le forbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí, cuireadh i dtábhacht arís an tábhacht straitéiseach a bhaineann léi maidir le trádáil dhomhanda fuinnimh agus earraí. An tráth céanna, chuir siad i dtábhacht neamhchosaint mhéadaitheach na hearnála

---

[25] D'fhéadfadh sé a bheith mar chuid de Chomhghuaillíocht an Aontais um Shlabhraí Luacha Tionsclaíocha Muirí

[26] Ag tógáil freisin ar uirlisí amhail pasanna lena gcumasaítear córas inrianaitheachta saolré iomláine agus ábhair i gcás long, agus Innéacsanna Feidhmíochta Comhshaoil Longchlóis, mar a forbraíodh faoi na tionscadail *Circle of Life* agus *EcoShipYards* arna gcistiú ag an Aontas

[27] Treochlár maidir le cur chun feidhme an gheilleagair chiorclaigh le haghaidh báid áineasa a bhfuil a ré caite, a d'fhorbair Tionscal Bád na hEorpa in 2023 i gcomhar leis an gCoimisiún

[28] Trasuítear coinbhinsiúin na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht mhuirí agus cosaint an chomhshaoil in *acquis* an Aontais. Tá ceangal dlíthiúil ar na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm in éineacht le rialacha sonracha an Aontais, go minic faoi cheanglais níos déine ná mar atá i réigiúin eile den domhan

ar dhúshláin slándála idirnáisiúnta, a bhfuil rioscaí suntasacha ag baint leo don tsaoirse loingseoireachta, ach níos tábhachtaí fós — do shábháilteacht soithí agus a gcriúnna, agus as a n-eascraíonn costais mhéadaithe iompair agus árachais.

Sa chomhthéacs sin, féachtar leis an straitéis seo an earnáil a chosaint mar phríomhsholáthraí seirbhísí loingseoireachta ardcháilíochta, éifeachtúla, slána agus inbhuanaithe, agus dálaí níos fearr á gcruthú an tráth céanna do bhonn monaraíochta an Aontais.

Chun cuspóirí na straitéise seo a bhaint amach, tá gá le creat comhleanúnach beartais agus rialála agus le comhar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. **Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí mar chnámh droma teicniúil agus oibríochtúil bheartas muiriompair an Aontais**. Tá ról lárnach ag an ngníomhaireacht sa chur chun feidhme comhchuibhithe agus éascaíonn sí réitigh nuálacha éifeachtúla, lena n-áirítear trína bonn eolais fairsing. Beidh sí ríthábhachtach freisin chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí rialála a leagtar amach sa straitéis seo. Ina theannta sin, cuireann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí cúnamh teicniúil agus tacaíocht theicniúil ar fáil d'údaráis mhuirí sa Mheánmhuir maidir le fothú acmhainneachta[29]. ***3.1 Úinéireacht agus bratacha***

Sciar substaintiúil de shócmhainní muirí a choinneáil ar bun agus tarraingteacht bhratacha an Aontais a fheabhsú, beidh na gnéithe sin mar bhonn agus mar thaca ag seasamh an Aontais sa trádáil dhomhanda agus cosnóidh siad línte cumarsáide. Neartóidh an méid sin freisin cumas an Aontais noirm agus beartais dhomhanda a mhúnlú maidir leis an tsábháilteacht, an tslándáil, an lucht saothar, an aeráid agus cosaint an chomhshaoil.

Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Coimisiún **de bheith ag brath ar** threoirlínte an Chomhphobail **maidir le Státchabhair d'iompar muirí**[30] chun measúnú a dhéanamh ar scéimeanna tacaíochta na mBallstát (e.g. cáin tonnáiste), ar príomhuirlis iad chun na sciartha den mhargadh agus iomaíochas earnáil na loingseoireachta intíre a choinneáil agus chun tarraingteacht bhratacha na mBallstát a mhéadú i bhfianaise na dianiomaíochta domhanda. **Tathantaíonn an Coimisiún ar na Ballstáit bearta pragmatacha a chur chun cinn a thuilleadh** amhail próisis riaracháin náisiúnta a dhéanamh níos éifeachtúla [31], deimhnithe digiteacha a shaothrú, clárlanna a dhigitiú go hiomlán, agus uirlisí atá bunaithe ar an intleacht shaorga a úsáid chun nósanna imeachta a bharrfheabhsú. Ó thaobh an Choimisiúin de, **bunóidh sé idirphlé comhair struchtúrtha** leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara tionscail arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin loingseoireacht ardcháilíochta, lena n-áirítear i gcomhthéacs cur chun feidhme reachtaíochta idirnáisiúnta agus chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le **ceanglais stát brataí a chomhlíonadh.** Leanfaidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, dá iarrachtaí san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun an mhaoirseacht rialála ar stáit bhrataí a neartú chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

***3.2 An t-aistriú fuinnimh agus an dícharbónú***

---

[29] le clár SAFEMED V arna chistiú ag ICFCI-an Eoraip Dhomhanda
[30] C(2004) 43, IO 2004
[31] Amhail riarachán ardcháilíochta rianúil, cur chuige rioscabhunaithe, agaí feithimh laghdaithe, cigireachtaí cuíchóirithe

Chun dícharbónú agus laghdú truaillithe na hearnála muirí a chur chun cinn, agus a buntáiste iomaíoch á choinneáil ar bun an tráth céanna, tá gá le rialacha soiléire intuartha, lena n-áirítear ar an leibhéal domhanda. Is féidir leis sin nuálaíocht agus ceannaireacht a chothú i margadh loingseoireachta atá ag athrú go tapa agus éileamh ar bhreoslaí agus teicneolaíochtaí glana san Eoraip a spreagadh.

Chun an t-aistriú glan a bhaint amach, beidh gá le meascán d'éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe agus de theicneolaíochtaí tiomána nua agus breoslaí malartacha a ghlacadh. Chun na dálaí a chruthú le haghaidh táirgeadh agus glacadh ollmhór breoslaí den sórt sin in earnálacha *dolaghdaithe*, nocht an Coimisiún an **Plean Infheistíochta um Iompar Inbhuanaithe (PIII)**[32]. I gcás an mhuiriompair, is é a bheidh mar thoradh air sin úsáid mhéadaithe breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus leictriú díreach, i gcás inarb indéanta[33]. Sa chomhthéacs sin, saothróidh an Coimisiún margadh comhtháite le haghaidh bithmheatáin freisin, agus an tráth céanna iarrfaidh sé ar na Ballstáit a áirithiú nach dtabharfar isteach le bearta náisiúnta bacainní indíreacha ar thrádáil trasteorann bithmheatáin ná nach gcuirfear teorainn lena infhaighteacht laistigh den mhargadh aonair. Spreagfaidh an Chomhghuaillíocht um Breoslaí In-athnuaite agus Ísealcharbóin plé idir longúinéirí, tionscal na mbreoslaí inbhuanaithe agus institiúidí airgeadais chun táirgeadh agus soláthar breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn san earnáil uisce-iompair.

Le Fuel EU Maritime agus le cuimsiú na hearnála loingseoireachta in CTA AE, cuirtear i dtábhacht tiomantas an Aontais maidir le haistriú glan na loingseoireachta a mhúnlú, agus conair shoiléir ann don earnáil chun spriocanna dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach. Chun cur chun feidhme na ngníomhartha sin a éascú a thuilleadh agus chun laghdú a dhéanamh ar an gcastacht rialála agus riaracháin a eascraíonn as na neamhréireachtaí agus as an bhforluí atá ann faoi láthair, **breithneoidh an Coimisiún conas an creat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá ann cheana a shimpliú agus a chuíchóiriú,** méid a fhónann do CTA AE Muirí agus do FuelEU Maritime araon, agus a bhainfidh amach tuilleadh sineirgí sa phróiseas comhlíontachta faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe[34].

Is é an bealach is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair aeráide ón muiriompar agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú gníomhaíocht dhomhanda uaillmhianach a dhéanamh, lena gcuirfí chun feidhme sprioc Straitéis 2023 na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta don loingseoireacht idirnáisiúnta chun astaíochtaí GCT glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. **Leanfaidh an tAontas den obair laistigh den Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta agus cothóidh sé naisc le comhpháirtithe idirnáisiúnta** chun oibriú i dtreo réitigh dhomhanda, méid a thacóidh le tiomantas earnáil loingseoireachta an Aontais dícharbónú a dhéanamh agus leis na hinfheistíochtaí atá déanta cheana féin chun an sprioc sin a bhaint amach. I gcomhréir leis na gealltanais dhlíthiúla atá ann cheana, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus bearta domhanda na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta á gcur san áireamh chun íocaíocht dhúbailte a sheachaint.

Éascóidh an Coimisiún **comhar idir páirtithe leasmhara freisin trí líonra Eorpach lánaí agus moil loingseoireachta glaise a chruthú.** Cuirfidh sé sin leis na tionscnaimh atá ann cheana, lena n-áirítear na straitéisí maidir le himchuacha farraige éagsúla agus an Spás

[32] COM(2025) 664 final
[33] Soláthar cumhachta ar tír, báid farantóireachta leictreacha agus loingseoireacht ghearrthurais
[34] Mar shampla, maidir le sainmhínithe is infheidhme agus eilimintí agus próisis deartha a ailíniú

Muirí Eorpach[35]. Is é an aidhm atá ann intuarthacht a mhéadú le haghaidh cinntí infheistíochta agus tionscadail inbhuanaitheachta a chomhordú maidir le hoibriú soithí, cur in úsáid teicneolaíochta, soláthar breosla agus bonneagar calafoirt[36]. I gcás inarb ábhartha, d'fhéadfadh tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht den sórt sin, bunaithe ar na creataí dlíthiúla atá ann cheana, amhail an gréasán tras-Eorpach iompair[37].

### *3.3 Sábháilteacht - colún de loingseoireacht ardcháilíochta agus den athléimneacht*

Is cumasóir straitéiseach seirbhísí loingseoireachta ardcháilíochta í an tsábháilteacht agus is bunchloch í d'iomaíochas agus de cheannaireacht theicneolaíoch earnáil monaraíochta an Aontais. De réir mar a aistríonn an loingseoireacht go tapa chuig breoslaí malartacha a úsáid, chuig an digitiú agus chuig an uathoibriú, ní mór prótacail sábháilteachta a fhorbairt chun rioscaí nua oibríochtúla, teicneolaíocha agus cibearshlándála a bhainistiú. Le haosú an chabhlaigh paisinéirí a bhfuil bratach Ballstát den Aontas ar foluain air, cuirtear i dtábhacht an gá atá le dlús a chur le nuachóiriú an chabhlaigh[38].

Ar an leibhéal domhanda, ní mór do chaighdeáin sábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta coinneáil suas leis an dul chun cinn teicneolaíoch, lena n-áirítear maidir le breoslaí malartacha agus córais tiomána mhalartacha, teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, oiliúint do mharaithe agus muiriompar uathoibrithe. **Neartóidh an tAontas a rannpháirtíocht san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun na caighdeáin sin a mhúnlú, rud a chuideoidh freisin le cothrom iomaíochta domhanda a áirithiú**.

San Aontas, áirithítear ardleibhéal sábháilteachta muirí trí rialacháin na Eagraíochta Muirí Idirnáisiúnta a ionchorprú i ndlí an Aontais. In 2026, tuairisceoidh an Coimisiún ar Threoir an Aontais maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí[39] agus ar an Treoir maidir le Trealamh Muirí[40] mar ullmhúchán dá n-athbhreithniú, agus é mar aidhm aige **na ceanglais atá ann faoi láthair a chur in oiriúint do na dúshláin dícharbónaithe agus digitithe**. I bhfianaise a ríthábhachtaí atá sábháilteacht long paisinéirí agus nascacht réigiúnach shlán, breithneoidh an Coimisiún **ceanglais sábháilteachta long paisinéirí an Aontais a leathnú chuig gach bealach laistigh den Aontas**. Maidir le seirbhísí amach ón gcósta, scrúdóidh an Coimisiún **a indéanta atá creat de chuid an Aontais chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do shoithí seirbhíse agus tionsclaíocha amach ón gcósta**, lena n-áirítear chun pearsanra nó criúnna tionsclaíocha a iompar agus chun cáblaí fomhuirí a leagan agus a chothabháil. Déanfaidh an Coimisiún **measúnú freisin ar cé acu a leathnófar nó nach leathnófar raon feidhme na Treorach maidir le Trealamh Muirí nó na socruithe aitheantais fhrithpháirtigh atá ann cheana idir eagraíochtaí aitheanta** chun trealamh breise a chumhdach. Is é an aidhm

[35] Is gné mhuirí den ghréasán tras-Eorpach iompair é an Spás Muirí Eorpach
[36] Tá forbairt bonneagair calafoirt ríthábhachtach don aistriú fuinnimh agus don dícharbónú agus tugtar aghaidh uirthi i Straitéis an Aontais maidir le Calafoirt
[37] Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013
[38] Mar a léiríodh i dtuarascáil EMSAFE a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí i mí na Nollag 2025.
[39] Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí
[40] Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle

a bheadh ann próisis formheasa a shimpliú agus rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta a fheabhsú, agus an leibhéal sábháilteachta is airde á áirithiú an tráth céanna.

Baineann dúshláin mhóra maidir le sábháilteacht mhuirí agus saincheisteanna comhshaoil leis an 'scáthchabhlach'[41], mar a thugtar air, atá comhdhéanta den chuid is mó de shoithí atá ag dul in aois faoi dhlínse agus rialú doiléir, a oibríonn go minic lasmuigh de ghnáthchleachtais trédhearcachta agus chomhlíonta brataí. Cruthaíonn sé sin, i measc nithe eile, rioscaí méadaithe don mhuirthimpeallacht, lena n-áirítear do limistéir atá ainmnithe mar limistéir an-íogair, amhail Muir Bhailt. Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le SEGS, agus le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, **faireachas agus faireachán ar an scáthchabhlach a neartú[42] agus cuirfidh sé feabhas ar fhorfheidhmiú na rialacha atá ann cheana**. Ina theannta sin, neartóidh sé an comhar idirnáisiúnta chun na lúba ar lár atá fós ann a dhúnadh agus chun caighdeáin dhomhanda sábháilteachta muirí agus chomhshaoil a chaomhnú, lena n-áirítear bearta sriantacha a fhorfheidhmiú.

### *3.4 Foirmiúlachtaí riaracháin a shimpliú chun acmhainneacht mhargadh aonair uisce-iompair na hEorpa a ghiaráil*

Le castacht na nósanna imeachta riaracháin a eascraíonn as reachtaíocht dhomhanda, reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta cruthaítear dúshlán mór do loingseoireacht an Aontais, rud a chruthaíonn moilleanna, a mhéadaíonn costais, agus a laghdaíonn éifeachtúlacht fhoriomlán[43]. Bíonn tionchar ag an staid sin go háirithe ar loingseoireacht ghearrthurais, go háirithe gníomhaithe beaga, san iomaíocht mhódúil le hiompar de bhóthar.

Meastar go n-éireoidh na nósanna imeachta i bhfad níos éasca nuair a chuirfear tuairisciú comhchuibhithe tríd an timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí[44] chun feidhme go hiomlán. **Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit cur chun feidhme an Rialacháin maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí a thabhairt chun críche.**

Ar scála níos leithne, tá **athchóiriú uaillmhianach custaim** molta ag an gCoimisiún lenar cheart comhar príobháideach poiblí éifeachtúil a chothú chun foirmiúlachtaí custaim a chur chun feidhme ar fud earnálacha eacnamaíocha, lena n-áirítear earnálacha muirí. De réir an togra, beidh Mol Sonraí Custaim[45] ar fáil d'oibreoirí muirí ó 2032 ar aghaidh. Chun trádáil a éascú, saothróidh an Coimisiún **idirnascacht phras idir na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta agus an Mol Sonraí Custaim a bheidh ann amach anseo**.

Cé go n-éascaíonn na bearta thuas comhlíonadh, tá sé chomh tábhachtach céanna fós na sonraí nach mór do longa a thuairisciú nuair a thugann siad cuairt ar chalafoirt an Aontais a laghdú. Faoi láthair, is féidir a cheangal ar longa suas le 1 200 eilimint sonraí a chur isteach, a n-eascraíonn dhá thrian díobh ó dhlíthe náisiúnta[46]. D'fhonn leas a bhaint as

---

[41] Arna shainmhíniú ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta i Rún A.1192(33), a glacadh an 6 Nollaig 2023

[42] I mí na Nollag 2025, d'fhormheas an Chomhairle dearbhú maidir le dlí idirnáisiúnta chreat na mara a threisiú i ndáil le bagairtí ón scáthchabhlach agus an rún atá aici uirlisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sin.

[43] De réir an staidéir a rinne an Coimisiún Eorpach le déanaí maidir le loingseoireacht ghearrthurais, d'fhéadfadh foirmiúlachtaí riaracháin a bheith ina gcúis le suas le 5 % de chostais oibriúcháin iomlána soithigh

[44] Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE

[45] Is éard a bheadh sa Mhol Sonraí Custaim tacar seirbhísí agus córas leictreonach chun sonraí a úsáid chun críoch custaim agus chun gur féidir an reachtaíocht chustaim a chur chun feidhme go leictreonach.

[46] A anailís féin

acmhainneacht iomlán mhargadh aonair uisce-iompair na hEorpa, **iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile chun ceanglais tuairiscithe náisiúnta agus ceanglais tuairiscithe an Aontais a shimpliú agus a chuíchóiriú.**

Rachaidh an Coimisiún **i gcomhairle leis an tionscal muirí** maidir le simpliú breise ar nósanna imeachta riaracháin agus ar cheanglais sonraí a shainaithint.

### *3.5 Leasanna an Aontais a shaothrú ar an leibhéal idirnáisiúnta*

Mar mhórchumhacht eacnamaíoch, tá rannpháirtíocht an Aontais sa loingseoireacht idirnáisiúnta ríthábhachtach, ní hamháin chun tacú lena fhás eacnamaíoch féin ach chun beartais mhuirí dhomhanda a stiúradh freisin i dtreo cothrom iomaíochta, na hinbhuanaitheachta, na slándála agus na nuálaíochta teicneolaíche.

Dá bhrí sin, cuirfidh an Coimisiún, in éineacht le Ballstáit an Aontais, **dlús lena iarrachtaí san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta** agus féachfaidh sé le **tionchar an Aontais a uasmhéadú trí bhíthin comhghuaillíochtaí níos leithne le comhpháirtithe idirnáisiúnta.**

Maidir le hathléimneacht an tslabhra soláthair, ní mór aird ar leith a thabhairt ar scrogaill mhuirí (i.e. nóid chriticiúla don trádáil dhomhanda agus don tsoghluaisteacht mhíleata) agus ar bhealaí atá ag teacht chun cinn amhail an tArtach[47]. **Tathantaíonn an Coimisiún ar na Ballstáit dlús a chur leis an gcomhar agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun láithreacht straitéiseach an Aontais a neartú, lena n-áirítear láithreacht cabhlaigh, sna limistéir chriticiúla sin**, chun leanúnachas a áirithiú sa rochtain ar bhealaí iompair mhuirí idirnáisiúnta, chun slándáil an Aontais a chosaint. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a bheith in ann tacaíocht a lorg, ó Bhallstáit eile nó ó SEGS, chun cúnamh a thabhairt, trí bhealaí taidhleoireachta, do longa a bhfuil a mbratach ar foluain orthu agus atá faoi choinneáil nó i mbaol a bheith faoi choinneáil, de réir mar is gá.

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí **gealltanais chuimsitheacha maidir le seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta a áireamh i gcomhaontuithe saorthrádála**. Leis na hiarrachtaí sin, ba cheart feabhas a chur ar dhálaí rochtana ar an margadh agus ar chóir neamh-idirdhealaitheach d'oibreoirí an Aontais i dtríú tíortha, lena n-áirítear rochtain ar chalafoirt agus úsáid seirbhísí cúnta[48]. Ar an iomlán, **d'fhéadfadh an tAontas gealltanais níos cothroime agus níos cómhalartaí a lorg ina bheartas trádála muirí**, go háirithe ó chomhpháirtithe a fhorchuireann srianta amhail scéimeanna áirithinte lasta agus táillí calafoirt idirdhealaitheacha.

Tá gá ag na Ballstáit le creat dlíthiúil intuartha chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú agus a **gcomhpháirtíochtaí déthaobhacha muirí[49]** á mbainistiú acu. **Molfaidh an Coimisiún reachtaíocht** lena leagfar síos coinníollacha do na Ballstáit chun comhaontuithe déthaobhacha a dhearbhú atá ann cheana agus atá comhoiriúnach le dlí an Aontais agus chun comhaontuithe nua a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích lena gcuirfear leasanna an Aontais chun cinn.

---

[47] Tríd an athbhreithniú atá le teacht ar bheartas Artach an Aontais

[48] Amhail láimhseáil lasta (lena n-áirítear críochfoirt coimeádán), seirbhísí stórála agus trádstórála, gníomhaíochtaí gníomhaireachta agus seoladh lasta

[49] I bhfianaise Thuairim Shingeapór 2017 ó CBAE, inar deimhníodh go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas comhaontuithe maidir le seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích i gcás ina bhféadfadh comhaontuithe den sórt sin difear a dhéanamh do rialacha an Aontais atá ann cheana nó na rialacha sin a athrú.

Tá rochtain iontaofa ar phraghas iomaíoch ar bhreoslaí malartacha agus ar bhonneagar malartach feadh bealaí agus moil dhomhanda de dhíth ar chuideachtaí loingseoireachta an Aontais. Le tionscnamh Chonairí agus Mhoil Loingseoireachta Glaise an Global Gateway[50], cuirtear glacadh breoslaí glana malartacha chun cinn trí chomhpháirtíochtaí le tríú tíortha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. Chun infheistíochtaí a chosaint agus leasanna an Aontais i slabhraí soláthair idirnáisiúnta a chosaint, déanfaidh an Coimisiún **ceanglais slándála agus sábháilteachta a chomhtháthú i bhforbairt chomhpháirtíochtaí calafort agus slabhraí luacha Global Gateway** le tíortha i mbéal forbartha. Treiseofar an cur chuige sin a thuilleadh trí chomhpháirtíochtaí a dhoimhniú le tríú tíortha forbartha a bhfuil príomh-mhoil loingseoireachta dhomhanda á n-óstáil acu.

I gcomhthéacs an Chomhshocraithe don Mheánmhuir,[51] déanfaidh an Coimisiún forbairt nasc iompair éifeachtúil agus inbhuanaithe agus slándáil fheabhsaithe an Aontais a chur chun cinn.-

***3.6 Tacaíocht d'earnálacha na loingseoireachta intíre, na cúrsála agus na bádóireachta***

Chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe an iompair ar uiscebhealaí intíre laistigh den chóras iompair Eorpach, molfaidh an Coimisiún Eorpach **obair leantach ar chlár NAIADES III**. Díreoidh an tionscnamh seo ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chriticiúla d'iomaíochas an iompair ar uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear calafoirt intíre a nuachóiriú, athléimneacht bonneagair a fheabhsú, agus teicneolaíochtaí nuálacha a ghlacadh, amhail córais uathoibrithe agus soithí astaíochtaí nialasacha nó ísle.

Le **straitéis turasóireachta inbhuanaithe** an Aontais atá ar na bacáin, leanfar **d'fhás inbhuanaithe éiceachóras na turasóireachta a chur chun cinn**, lena n-áirítear na tionscail chúrsála agus bhádóireachta

***Gníomhaíochtaí suaitheanta***

- *Leanúint den obair laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun teacht ar réitigh dhomhanda agus athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus bearta domhanda ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta á gcur san áireamh chun íocaíocht dhúbailte a sheachaint*
- *Machnamh a dhéanamh ar conas an creat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe le haghaidh CTA AE agus FuelEU Maritime a shimpliú agus foirmiúlachtaí riaracháin le haghaidh oibríochtaí loingseoireachta a chuíchóiriú*
- *An uaillmhian dhomhanda a shaothrú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht threisithe in obair na Eagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, comhpháirtíochtaí straitéiseacha le tríú tíortha a chothú agus feidhmiú rianúil na margaí muirí domhanda a áirithiú*

## 4. DAINGNIÚ & COSAINT

**Tá méadú ag teacht ar na bagairtí atá roimh an réimse muirí**, ar leibhéal an dromchla agus ar ghrinneall na farraige araon. Léiríonn na bagairtí an gá atá le cumais láidre **chabhlaigh, briste oighir, faoi uisce agus dé-úsáide** chun tacú le cosaint an Aontais, le slándáil an Artaigh, le cosaint bonneagair chriticiúil agus le riachtanais soghluaisteachta míleata. Trí dhul i ngleic leis na dúshláin sin, is féidir deiseanna fáis a chruthú i dtionscal

[50] Global Gateway - Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta - an Coimisiún Eorpach
[51] JOIN(2025) 26 final

muirí an Aontais, lena n-áirítear trí tháirgeadh soithí, ardán agus teicneolaíochtaí dé-úsáide a ghiaráil agus a chothú.

*4.1 Bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch cabhlaigh na hEorpa a fheabhsú*

Mar gheall ar an tírdhreach geopholaitiúil a bhíonn ag síorathrú, ní mór córais, longa agus ardáin chabhlaigh cheannródaíocha a fhorbairt atá in ann oibriú ar bhealach comhtháite i dtimpeallachtaí bagartha dúshlánacha ilréimse, lena n-áirítear, i gcás inar gá, timpeallachtaí adhaeráide agus adhgheografacha (e.g. an tArtach).

Chun na cuspóirí ullmhachta cosanta le haghaidh 2030 a bhaint amach, tá leas láidir AE agus náisiúnta ann maidir le hacmhainneachtaí táirgeachta cabhlaigh a mhéadú[52]. **Féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna éagsúla faoin bPlean ReArm Europe[53], arb é is aidhm dó suas le EUR 800 billiún a shlógadh i gcaiteachas cosanta faoi 2030,** chun cumais thionsclaíocha agus theicneolaíocha chabhlaigh a neartú. Áirítear leis sin tacú le comhéadain agus prótacail chaighdeánaithe a fhorbairt, idir-inoibritheacht idir cabhlaigh Eorpacha a éascú, córais ó mhonaróirí éagsúla a chomhtháthú, agus réimsí cumais straitéisigh a chothú[54].

Leanfaidh an Ciste Eorpach Cosanta d'acmhainneacht chomhtháthaitheoirí chóras cabhlaigh an Aontais agus soláthróirí trealaimh a neartú trí thacú le hábhair chomhoibríocha T&F i gcomhréir le tosaíochtaí an Phlean Forbartha Cumais[55].

Thairis sin, tacóidh an **Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach** (CTCE) le borradh a chur faoi acmhainneachtaí táirgeachta tionsclaíocha, rud a fhritháireoidh costas an chomhair sa soláthar comhpháirteach. Tacóidh sé freisin le haistriú ó fhréamhshamhail go táirgeadh ar scála a nascann gníomhaíochtaí T & F arna dtacú ag an gCiste Eorpach Cosanta (CEC).

*4.2 Ceannaireacht theicneolaíoch a dhaingniú san fheasacht ar réimsí muirí*

Chun bonneagar criticiúil faoi uisce, bonneagar criticiúil calafoirt agus bonneagar criticiúil amach ón gcósta a chosaint, tá gá le cur chuige ilréimse lena n-áirítear teicneolaíochtaí amhail dróin faoi uisce agus dróin dromchla, braiteoirí, córais luathrabhaidh, córais chumarsáide faoi uisce, córais lainseála agus aisghabhála, agus iompróirí drón. Tá gá le comhar níos dlúithe idir rialtais agus an tionscal chun ailtireachtaí casta feasachta staide a chruthú lena gcomhtháthófar ardteicneolaíochtaí trí chóras uathúil ceannais agus rialaithe. An tráth céanna, cruthaítear leis sin deiseanna chun ceannaireacht thionsclaíoch mhuirí an Aontais a dhaingniú i ndeighleog straitéiseach atá ag teacht chun cinn.

Le **Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cáblaí[56]**, ina leagtar amach forbairt Sásra Chomhtháite Faireachais le haghaidh cáblaí fomhuirí in aghaidh na mol

52 Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar riachtanais earnáil chabhlaigh an Aontais, ar a slabhra soláthair, ar mhéid spleáchais an Aontais agus ar an ngá atá le fardail straitéiseacha a choinneáil ar bun. Tá sé beartaithe staidéar a sheoladh in R3 2026 faoi Chlár Oibre an chláir Fís Eorpach 2026-2027 (Seirbhísí eolaíocha agus teicniúla ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde (Athléimneacht shlabhra soláthair an uisce-iompair).

53 JOIN(2025) 27 final

54 Lena n-áirítear soithí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide, soithí sainchuspóireacha chun bonneagair amach ón gcósta agus faoi uisce a chothabháil (e.g. longa leagtha cábla, cothabhála agus deisithe) agus cumais muiraistrithe (e.g. báid farantóireachta, bristeoirí oighir, longa ospidéil, longa tacaíochta criú, soithí tacaíochta amach ón gcósta, dreidirí, tugaí)

55 Comhrac cabhlaigh agus díchumasú muirí i ngach ceann de na trí phríomhréimse, eadhon uasghrádú na gcóras dromchla cabhlaigh atá ann faoi láthair, córais chomhraic dromchla cabhlaigh den chéad ghlúin eile, agus córais mhuirí fadraoin le foireann agus gan foireann. Chun mionsonraí a fháil, féach GEC – Tosaíocht Forbartha Cumais an Aontais 2023

56 JOIN/2025/9 final

imchuach farraige, agus leis an b**Plean Gníomhaíochta um Shlándáil Drón agus Slándáil Frith-Dhrón[57],** ina bhfuil bearta tionsclaíocha maidir le dróin amhail tionscnamh ceannaigh chomhpháirtigh, cuideofar le cumais thráthúla braite bagairtí agus freagartha a áirithiú.

**Chun feasacht staide muirí ar leibhéal an Aontais a neartú ón spás go grinneall na farraige** agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumais atá ann, beidh sé tábhachtach bonn tionsclaíoch muirí na hEorpa a ghiaráil, méid a chuirfidh leis an gComhshocrú um an Aigéan agus le tionscnaimh eile de chuid an Aontais[58] atá ann cheana sa réimse sin, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na nithe seo a leanas:

- T & F maidir le teicneolaíochtaí agus córais mhíleata/dé-úsáide a mhéadú le haghaidh ceannasaíochta, rialaithe, cumarsáide, faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta
- Soláthar comhoibríoch drón mara gan foireann agus córas cumarsáide le haghaidh soithí cabhlaigh, gardaí cósta agus údaráis chalafoirt, lena n-áirithítear comhordú
- Infheistíocht a dhéanamh i réitigh chibearshlándála agus i gcórais chomhtháite, agus iad a fhorbairt, ar réitigh agus córais iad lena gcomhcheanglaítear cumais faireachais chun cur chuige cuimsitheach comhordaithe a chumasú maidir le slándáil mhuirí agus cosaint calafort.

I ndáil leis an méid sin, molann an Coimisiún do na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach, go háirithe an fhéidearthacht **Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint** a bhunú, lena n-áirítear i réimse na **feasachta staide muirí**.

### *4.3 Tacú le soghluaisteacht mhíleata agus ullmhacht i dtaca le héigeandáil*

Cuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata[59] ról an iompair dé-úsáide, lena n-áirítear iompar muirí, maidir le soghluaisteacht mhíleata agus ullmhacht i dtaca le héigeandáil a chumasú. Cuirtear i dtábhacht go láidir freisin gur gá don Aontas a acmhainneacht thionsclaíoch a leathnú chun cumais soghluaisteachta míleata a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin, tá an acmhainneacht dé-úsáide a bhaineann le báid farantóireachta Eorpacha tábhachtach. Is féidir ról lárnach a bheith aige maidir le trúpaí, feithiclí agus trealamh a iompar go tapa agus go héifeachtúil ar bhealaí farraige gearra agus meánmhéide agus maidir le haslonnú agus fóirithint éigeandála. Cuirfidh sé sin deiseanna ar fáil chun acmhainneacht thionsclaíoch intíre a atógáil sa deighleog straitéiseach seo agus cruthófar éifeacht charnach don bhonn monaraíochta muirí.

Chuige sin, molfaidh an Coimisiún **sásra tacaíochta[60] tógála um báid farantóireachta dé-úsáide a shaothrú** chun acmhainní airgeadais a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí atá nasctha le sonraíochtaí míleata breise le haghaidh báid farantóireachta dé-úsáide a thógtar san Eoraip agus is féidir a imscaradh ar bhealaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag

[57] COM(2026)81
[58] E.g. Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (14280/23), an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise don réimse muirí, Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cáblaí, an Plean Gníomhaíochta um Shlándáil Drón agus Slándáil Frith-Dhrón, moil arna n-óstáil ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus Clár Spáis an Aontais (Rialachán (AE) 2021/696) lena mbunaítear Copernicus, Galileo, Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí, Govsatcom agus seirbhísí sábháilteachta spáis a thacaíonn le loingseoireacht mhuirí, faireachas muirí, cumarsáid mhuirí agus feasacht staide muirí.
[59] JOIN(2025) 846 final
[60] i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir leis an státchabhair i gcás inarb infheidhme

baint leo. Mar chuid den chlár sin, oibreoidh an Coimisiún leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, agus b'fhéidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, chomh maith le Foireann Mhíleata an Aontais, chun caighdeáin a fhorbairt le haghaidh sócmhainní iompair mhuirí dé-úsáide, lena gcomhlánófar an Rialachán maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata[61] atá beartaithe agus lena n-áiritheofar comhsheasmhacht le caighdeáin ECAT.

Thairis sin, **saothróidh an Coimisiún rialacha cibearshlándála láidre ceangailteacha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta chun cibir-rioscaí ginearálta muirí do shoithí sibhialtacha a laghdú** i gcomhréir le bearta ábhartha an Aontais, amhail an Dara Treoir NIS[62], an Gníomh um Chibear-Athléimneacht[63] agus an togra a bhí ann le déanaí le haghaidh Gníomh athbhreithnithe um Chibearshlándáil[64], arb é is aidhm dó athléimneacht agus cumais chibearshlándála an Aontais a neartú a thuilleadh i bhfianaise na mbagairtí sin atá ag dul i méid.

| ***Gníomhaíochtaí suaitheanta*** |
|---|
| • *Tacú le borradh a chur faoi acmhainneachtaí táirgeachta tionsclaíche cabhlaigh, lena n-áirítear tríd an gClár nua um Thionscal Cosanta na hEorpa agus tríd an bPlean ReArm Europe* <br> • *A mholadh go saothrófaí clár tacaíochta um Thógáil Bád Farantóireachta Dé-Úsáide* |

## 5. ROCHTAIN AR NUÁLAÍOCHT

Tá nuálaíocht agus infheistíocht in ardteicneolaíochtaí amhail teicneolaíocht ghlan, ciorclaíocht, digitiú, uathoibriú, IS agus dearadh long cliste ríthábhachtach chun borradh a chur faoi iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht earnáil monaraíochta muirí agus earnáil loingseoireachta muirí an Aontais araon. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na bacainní amhail éiginnteacht rialála, ilroinnt iarrachtaí infheistíochta T & N poiblí agus príobháideacha agus acmhainneacht tástála theoranta.

### *5.1 Feabhas a chur ar an gcreat beartais chun ceannaireacht an Aontais i dteicneolaíochtaí nuálacha a chothú*

Beidh todhchaí éiceachóras uisce-iompair an Aontais ag brath ar an gcumas réitigh theicneolaíocha nua a shainaithint agus a mhéadú sa teicneolaíocht ghlan agus i gcórais dhigiteacha agus uathoibrithe agus tacaíocht bheartais spriocdhírithe a chur ar fáil chun bonn tionsclaíoch an Aontais a fheabhsú.

Teicneolaíochtaí amhail breosla-chealla, tiomáint leictreach agus gaoithe, rialú astaíochtaí éalaitheacha, iompar CO2, gabháil agus stóráil carbóin, soláthar leictreachais cois cladaigh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta[65], níl iontu ach cuid de na

[61] SWD(2025) 847 final
[62] Treoir (AE) 2022/2555
[63]Rialachán (AE) 2024/2847; ceanglaítear leis an nGníomh go gcomhlíonfaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceanglais chibearshlándála. Cé go n-eisiatar trealamh muirí óna raon feidhme, d'fhéadfadh feidhm a bheith aige fós maidir leis an earnáil mhuirí i gcás táirgí nach n-aicmítear mar threalamh muirí, amhail bogearraí.
[64] COM(2026) 11
[65]Amhail bunsraitheanna agus snámháin gaoithe amach ón gcósta, fuinneamh srutha taoide, fostáisiúin agus tiontairí fuinnimh toinne amach ón gcósta

teicneolaíochtaí lena gcuirtear acmhainneacht mhór laghdaithe astaíochtaí agus deiseanna margaidh ar fáil. Aithnítear an chuid is mó díobh sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta arb é is aidhm dó feabhas a chur ar acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta faoi 2030. Ina theannta sin, cuirtear i dtábhacht i staidéir a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí le déanaí na tairbhí a bhaineann le bealú aeir, agus tá dul chun cinn déanta ag obair na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le treoirlínte le haghaidh ceallraí, ard-aisghabháil dramhaíola teasa, breosla-chealla agus córais gabhála agus stórála carbóin.

Is sampla í an **tiomáint ghaothchuidithe** de theicneolaíocht a chuireann le saineolas láidir Eorpach monaraíochta[66]. Chun tacú lena ghlacadh, oibreoidh an Coimisiún chun an mhodheolaíocht chun cuntas a thabhairt ar fhuinneamh tiomána gaoithe a bheachtú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí rialála ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, éilíonn **an tiomáint núicléach**, lena n-áirítear imoibreoirí beaga modúlacha agus ard-imoibreoirí modúlacha maoirseacht straitéiseach chomhordaithe i bhfianaise leas domhanda athnuaite agus forbairtí tionsclaíocha luatha. Leanfaidh an Coimisiún d'obair a dhéanamh i dtreo creat láidir beartais lena gcumasófar tiomáint cumhachta núicléiche a úsáid sa loingseoireacht tráchtála[67] agus lena rannchuideofar le ceannaireacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch dhomhanda a bhaint amach.

Comhordóidh an Coimisiún an obair ar an measúnú ar fhorbairtí teicneolaíocha, lena n-áirítear ullmhacht agus sábháilteacht theicneolaíoch le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí. Chun cuidiú le hinfheistíochtaí a dhí-rioscú agus rannchuidiú le réitigh a scálú, déanfar measúnú breise ar fhorbairtí teicneolaíocha a bhfuil gealladh fúthu agus léireofar iad i ndlí an Aontais amhail Rialachán FuelEU Maritime agus tacsanomaíocht an Aontais[68] agus ar leibhéal na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta de réir mar is iomchuí.

Tabharfaidh an Coimisiún creat mhargadh aonair an Aontais cothrom le dáta, i gcás inar gá, chun tacú leis an nuálaíocht agus le cur in úsáid na teicneolaíochta glaine i ndeighleoga monaraíochta muirí sonracha. Chuige sin, molfaidh sé **leasú spriocdhírithe ar an rialachán maidir le hastaíochtaí ó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é**[69] chun hidrigin a cheadú mar bhreosla tagartha d'innill innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é i soithí loingseoireachta intíre. Ina theannta sin, **dírítear sa mheastóireacht leanúnach ar an treoir maidir le hárthaí áineasa**[70] **ar mheasúnú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hárthaí uisce núíosacha agus córais tiomána núíosacha sa deighleog sin.**

Chun imscaradh sábháilte soithí uathrialacha a chur chun cinn, saothróidh an Coimisiún **creat rialála agus teicniúil le haghaidh réitigh loingseoireachta gan foireann** ar leibhéal na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Ó 2016 i

---

[66] Le 5 bliana anuas, fuair an réimse seo níos mó ná EUR 36 mhilliún de chistiú ó Fhís Eorpach

[67] Lena n-áirítear trí thopaic thiomnaithe i nGlao 2027 Chlár oibre Chnuasach 5 de chuid Fhís Eorpach

[68] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852

[69] Rialachán maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (Rialachán (AE) 2016/1628)

[70] Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE

leith, chuir obair an Aontais ar longa uathrialacha dromchla muirí le Cód Long Uathrialach Dromchla Muirí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta, atá le glacadh in 2026 agus a bheidh éigeantach faoi 2032. Sula ndéanfar longa uathrialaitheacha a imscaradh ar mhórscála, eiseoidh an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, **treoirlínte agus dea-chleachtais an Aontais maidir le tástálacha agus trialacha ainmnithe ar muir chomh maith le measúnú riosca**[71] chun tacú le cur chun feidhme sna Ballstáit agus chun rannchuidiú le ceannaireacht teicneolaíoch an Aontais.

***5.2 Sineirgí agus comhordú a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar uas-scálú tionsclaíoch na nuálaíochta***

Chun **ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a neartú,** féachfaidh an Coimisiún leis an gcomhar poiblí príobháideach a threisiú faoi Chlár Réime Fís Eorpach 2028-2034 i réimsí tosaíochta agus bunaithe ar chur chuige punainne. San uisce-iompar, cuirfidh sé sin leis an méid a baineadh amach leis an **gComhpháirtíocht um Uisce-Iompar Astaíochta Nialasaí** atá comhchláraithe faoi láthair d'fhonn **gníomhaíocht an Aontais sa réimse sin a neartú agus a leathnú**, chun sineirgí agus éifeacht scála a chothú idir an dícharbónú**,** an digitiú, an t-uathoibriú agus an chiorclaíocht san éiceachóras uisce-iompair níos leithne.

Molann an Coimisiún do na **Ballstáit tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghlacadh tapa na nuálaíochta lena n-áirítear binsí tástála agus turgnamh rialála** a rannchuidíonn le ceannaireacht theicneolaíoch mhuirí, ceannasacht thionsclaíoch agus cuspóirí an dá aistriú de chuid na hEorpa. Le **Straitéis T & N an Aontais maidir leis na hAigéin** atá ar na bacáin, cuirfear feabhas ar phróisis tástála le haghaidh teicneolaíochtaí aigéin, amhail róbataic faoi uisce, le haghaidh feidhmeanna éagsúla chun cabhrú le monaróirí an Aontais iad a chur in úsáid go tapa agus ar bhealach níos saoire.

Agus **an Straitéis Eorpach um Bonneagair Thaighde agus Theicneolaíochta**[72] á cur chun feidhme g an gCoimisiún, déanfaidh sé bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a mhapáil agus a mheasúnú, lena n-áirítear bonneagair le haghaidh uisce-iompair. Cuirfear rochtain ar bhonneagair den sórt sin chun cinn freisin do ghnólachtaí nuathionscanta muirí, do ghnólachtaí muirí atá i mbun fáis, do FBManna muirí agus do chuideachtaí meánchaipitlithe muirí san Aontas.

Chun cuidiú le **sceitheadh teicneolaíochta arna chistiú ag an Aontas a chosc**, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar shlándáil taighde agus nuálaíochta lena n-áiritheofar forfheidhmiú córasach dian na n-uirlisí atá ann cheana[73] agus lena sainaithneofar aon bhearna atá fós ann.

**Seolfaidh an Coimisiún an Tionscnamh Eorpach um Fhaire na nAigéan OceanEye**, ceann de bhunchlocha an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan. Trí bhreathnóireacht na n-aigéan a fheabhsú agus trí theicneolaíochtaí gaolmhara a fhorbairt, cruthófar deiseanna nua do mhonaróirí muirí an Aontais.

| ***Gníomhaíochtaí suaitheanta*** |
|---|

[71] e.g. an Uirlis um Measúnú Rioscabhunaithe arna forbairt ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí
[72] COM/2025/497 final/2
[73] Mar shampla, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún eintitis áirithe tríú tír nó eintitis áirithe de chuid an Aontais atá á rialú ag tríú tíortha áirithe a eisiamh ó pháirt a ghlacadh i dtionscadail taighde agus nuálaíochta agus i dtionscadail imscartha acmhainní digiteacha chun sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais a chosaint. Ina theannta sin, is féidir leis measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag torthaí Fís Eorpach (lena n-áirítear maoin intleachtúil) arna nginiúint le taighde a chistigh an tAontas a aistriú go tríú tíortha neamh-chomhlachaithe, agus agóid a dhéanamh in aghaidh aistrithe den chineál sin.

- *An creat rialála a thabhairt cothrom le dáta chun ceannaireacht an Aontais i dteicneolaíochtaí nuálacha a chothú, lena n-áirítear tiomáint gaoithe, tiomáint núicléach agus longa uathrialaitheacha.*
- *Raon feidhme na tacaíochta T & N don earnáil uisce-iompair a neartú agus a leathnú, ag tógáil ar an méid a baineadh amach leis an gComhpháirtíocht Uisce-Iompair Astaíochtaí Nialasacha atá comhchláraithe faoi láthair*
- *An Tionscnamh um Fhaire na nAigéan a sheoladh (OceanEye)*

## 6. ROCHTAIN AR MHAOINIÚ & INFHEISTÍOCHT

Meastar i staidéir a rinneadh le déanaí go bhfuil riachtanais mhaoiniúcháin bhliantúla idir EUR 2,4 billiún agus EUR 8,5 billiún ann le haghaidh dhícharbónú chabhlach soithí an Aontais. Sainaithníodh riachtanais mhóra infheistíochta le haghaidh soithí loingseoireachta intíre agus deighleoga speisialaithe, amhail soithí gaoithe amach ón gcósta, soithí cáblaí fomhuirí nó teicneolaíochtaí aigéin atá ag teacht chun cinn[74]. Ina theannta sin, meastar go mbeidh gá le hinfheistíochtaí idir EUR 3 bhilliún agus 7,5 billiún ar a laghad chun claochlú digiteach a dhéanamh ar longchlóis an Aontais. Chun na riachtanais infheistíochta sin a chomhlíonadh, ní mór úsáid chomhordaithe a bhaint as cistiú an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, as bearta náisiúnta, agus as gníomhaíochtaí chun caipiteal príobháideach a mhealladh ar feadh an aistir infheistíochta ar fad. Le huirlisí tiomnaithe comhairleacha, meaitseála agus píblíne tionscadal, amhail Tairseach an Aontais um Maoiniú Long, BlueInvest, an Líonra Fiontar Eorpach (LFE), Comhairle BEI trí Mhol Comhairleach InvestEU, Cúnamh Forbartha Tionscadail an Chiste don Nuálaíocht, éascófar rochtain ar acmhainní agus cruthófar coinníollacha fabhracha chun tionscadail a mhaoiniú.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, ar institiúidí airgeadais agus ar bhainc náisiúnta le haghaidh spreagadh feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do thionscadail uisce-iompair, lena n-áirítear trí ráthaíochtaí do mhaoiniú tógála agus fála long araon, i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le Státchabhair i gcás inarb infheidhme.

### *6.1 Infheistíochtaí a mhaoiniú trí ionstraimí an Aontais*

Le linn 2026 agus 2027, slógfaidh an Coimisiún raon leathan acmhainní atá ar fáil agus ionstraimí atá ann cheana chun tacú le braisle uisce-iompair an Aontais, lena n-áirítear monaraíocht agus loingseoireacht mhuirí, ar fud an timthrialla infheistíochta.

Tá deontais spriocdhírithe, sásraí éifeachtacha comhroinnte riosca agus scéimeanna airgeadais nuálacha ríthábhachtach chun infheistíochtaí príobháideacha san earnáil a ghiaráil. I ndáil leis an méid sin, **tacóidh an Coimisiún le hathnuachan agus dícharbónú an chabhlaigh loingseoireachta,** agus báid farantóireachta agus soithí cósta á gcur i dtábhacht go háirithe, **faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)** trí ghlao in 2026. Ceapadh an ghníomhaíocht sin chun aistriú earnáil loingseoireachta an Aontais a shaothrú, agus forbairt an Spáis Mhuirí Eorpaigh á cothú an tráth céanna, chomh maith le hacmhainneacht monaraíochta intíre agus teicneolaíochtaí 'Déanta san Aontas Eorpach'. Ó 2014 i leith, chuir SCE tacaíocht ar fáil cheana féin do chineálacha éagsúla soithí agus idirghabhálacha, arb ionann é agus EUR 220 milliún. Thairis sin, i mí Feabhra 2026, **leasaigh an Coimisiún Clár Oibre Digiteach SCE chun EUR 347 milliún a**

[74] An Banc Eorpach Infheistíochta, European Blue Champions — Charting the course for innovation finance [Seaimpíní Gorma na hEorpa — An cúrsa a leagan amach le haghaidh maoiniú nuálaíochta], 2025

**leithdháileadh ar thionscadail straitéiseacha cáblaí fomhuirí,** agus sheol sé glao EUR 20 milliún chun acmhainneachtaí deisiúcháin na hEorpa a fheabhsú.

Trí **InvestEU**, tá an Coimisiún **ag súil le thart ar EUR 1-1,5 billiún**[75] **d'infheistíocht a shlógadh san earnáil uisce-iompair faoi 2027** agus tiocfaidh aon trian de sin chun cinn in 2026-2027 lena n-áirítear le haghaidh athnuachan agus iarfheistiú cabhlaigh ag gach céim den fhorbairt[76]. Tionscnamh a bhfuil gealladh faoi is ea Ciste Muirí Atlante a bunaíodh le déanaí atá bunaithe ar chothromas[77]. Thairis sin, **le táirge an Gheilleagair Ghoirm**[78]**, a fhaigheann tacaíocht ó InvestEU agus CEMID**[79] agus arna chur chun feidhme ag Grúpa BEI, soláthraítear infheistíochtaí caipitil fiontair agus cothromais phríobháidigh do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna, lena n-áirítear i longthógáil agus iarfheistiú, loingseoireacht agus teicneolaíocht ghorm. Is é is **aidhm dó thart ar EUR 800 milliún d'infheistíocht a shlógadh.**

Maidir le léiriú agus réamh-imscaradh, tríd an **gCiste don Nuálaíocht, tá 20 milliún lamháltas CTA AE (EUR 1,5 billiún) geallta ag an gCoimisiún**[80] go dtí 2030 chun tacú le laghduithe astaíochtaí agus chun nuálaíocht a chur chun cinn ar fud na hearnála muirí, ó chalafoirt go longthógáil. Ó 2020 i leith, tá tacaíocht dar luach thart ar EUR 600 milliún curtha ar fáil ón gCiste do 13 thionscadal mhuirí[81]. Ag tógáil ar na torthaí sin, agus mar chuid den ghealltanas 20 milliún lamháltas CTA AE a thiomnú don earnáil, osclóidh an Coimisiún **glao tiomnaithe muirí** in 2027. Cinnfidh an Coimisiún buiséad agus raon feidhme an ghlao sin de réir mar is iomchuí, go háirithe bunaithe ar bhuiséad an Chiste don Nuálaíocht atá fágtha agus ar phraghsáil CTA. Ina theannta sin, i gcás glaonna ginearálta amach anseo, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht agus ar a fhorálacha tosaíochta sonracha do thionscadail mhuirí chun dícharbónú na loingseoireachta a fheabhsú a thuilleadh. Moltar do na Ballstáit acmhainní an Chiste don Nuálaíocht a ghiaráil trína shásraí 'Ceant mar Sheirbhís' agus 'Deontais mar Sheirbhís', lenar féidir cistí náisiúnta breise a leithdháileadh chun tacú le tionscadail mhuirí.

Faoin gclár Fís Eorpach, tá EUR 345 mhilliún leithdháilte cheana féin ag an gCoimisiún sa tréimhse 2021-2024. Déanfaidh sé **EUR 184,5 milliún a leithdháileadh a thuilleadh chun gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta (T & N) le haghaidh uisce-iompar a mhaoiniú** go dtí 2027[82], lena n-áirítear EUR 159,5 milliún chun an tUisce-Iompar Astaíochta Nialasaí a mhaoiniú agus EUR 8 milliún le haghaidh topaic maidir le breosla-

[75] I measc na réimsí infheistíochta ar thacaigh InvestEU leo cheana tá báid farantóireachta astaíochtaí ísle agus nialasacha, páirceanna gaoithe amach ón gcósta, soithí dromchla gan chriú le haghaidh earnáil an fhuinnimh gaoithe amach ón gcósta, tiomáint ghaothchuidithe agus teicneolaíochtaí faoi uisce.
[76] Lena n-áirítear trí tháirgí trasearnála InvestEU a uas-scálú, ar táirgí iad is féidir a úsáid chun tacú le FBManna agus le cuideachtaí meánchaipitlithe beaga san earnáil loingseoireachta agus san earnáil longthógála, lena n-áirítear an Ráthaíocht Inbhuanaitheachta agus an Ráthaíocht don Digitiú agus don Nuálaíocht, arna mbainistiú ag an gCiste Eorpach don Nuálaíocht (CEI).
[77] Le tacaíocht ón gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) trí chlár InvestEU agus dírithe ar aistriú fuinnimh cabhlach a éascú, go háirithe d'úinéirí beaga agus meánmhéide
[78] Arna chur chun feidhme ag an gCiste Eorpach Infheistíochta
[79] An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe
[80] Le praghas EUR 75 in aghaidh an liúntais AE
81 Ina theannta sin, tairbhíonn an earnáil freisin den bhuiséad níos mó fós atá tiomnaithe do thionscadail maidir le breosla sintéiseach a bhaineann le hiompar
[82] Trí Chlár Oibre Fís Eorpach 2025 agus 2026-27

chill ocsaíde soladaí[83]. I gcás **T & F cabhlaigh[84],** beidh EUR 130 milliún ar fáil faoi ghlaonna CEC atá ar oscailt faoi láthair (2026) maidir le hábhair amhail soithí dromchla leath-uathrialaitheacha feabhsaithe agus cosaint bonneagair ghrinneall na farraige.

Sa **chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile**, is féidir leis an **gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI)** atá beartaithe cabhrú leis an earnáil nuálaíochtaí an Aontais a chur ar an margadh. Faoi CEI, d'fhéadfadh an Coimisiún tacú le hinfheistíochtaí i soithí glana digitithe chomh maith le nuálaíocht agus nuachóiriú longthógála, fuinnimh amach ón gcósta agus teicneolaíochta goirme. D'fhéadfadh CEI tacú freisin le T & N cosanta comhoibríoch agus le méadú tionsclaíoch chomh maith le dé-úsáid sócmhainní sibhialta-míleata[85]. Tá sé beartaithe tacaíocht airgeadais CEI a chomhordú go dlúth le cistiú faoin **gclár Fís Eorpach a bheidh ann amach anseo[86]**.

Tá Grúpa BEI, a thugann EUR 600 milliún ar an meán[87] in aghaidh na bliana ar iasacht do thionscadail san uisce-iompar i gcoitinne, lena n-áirítear loingseoireacht, tiomanta i gcónaí tacú le riachtanais mhaoinithe na hearnála agus rochtain ar chistiú a éascú do ghnólachtaí de gach méid[88]. Tá an Grúpa réidh chun bealach inchreidte a áirithiú ó thionscadail nuálaíochta agus phíolótacha go cur in úsáid iomlán, lena n-áirítear trína chlár TechEU[89] a fhaigheann tacaíocht ó InvestEU.

***6.2 Bearta tacaíochta a ghiaráil ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach***

Is féidir le cistí bainistíochta comhroinnte arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit nó ag na réigiúin tacú le hinfheistíochtaí faoi thogra nua CAI trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcomhréir le cuspóirí na straitéise seo[90].

Is féidir acmhainní móra tiomnaithe a shlógadh chun dícharbónú a mhaoiniú trí ioncam Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) arna chur ar ceant ag Ballstáit an Aontais tar éis an córas a leathnú chuig an earnáil mhuirí. Ós rud é go bhfuil ceangal dlíthiúil ar na Ballstáit ioncam ó CTA AE a úsáid le haghaidh infheistíocht i mbearta aeráide, **molann an Coimisiún go láidir do na Ballstáit cuid d'ioncam CTA a leithdháileadh** ar infheistíochtaí dícharbónaithe muirí ar fud na braisle muirí san Eoraip[91]. Chun tionchar a uasmhéadú agus éifeachtaí sineirge a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear idir longúinéirí, longchlóis, soláthróirí teicneolaíochta agus breosla agus páirtithe leasmhara calafoirt, comhordóidh an Coimisiún iarrachtaí na mBallstát agus éascóidh sé malartú dea-chleachtas, lena n-áirítear, b'fhéidir, trí threoirlínte.

---

[83] HORIZON-JU-CLEANH2-2026-03-04: Gléasra cumhachta SOFC ilbhreosla le haghaidh muiriompair

[84] Ó 2019 tá EUR 1,1 billiún san iomlán curtha in áirithe agus geallta ar leibhéal an Aontais chun borradh a chur faoi chumais chabhlaigh. I measc na dtionscadal de chuid CEFTC/RTC/CEF a seoladh, atá ar siúl nó a cuireadh i gcrích (idir 2019-2024) tá 35 thionscadal chomhoibríocha agus EUR 834,9 milliún geallta, rud a fhágann go bhfuil 6 fhréamhshamhail ann agus go bhfuiltear ag súil le 10 gcinn eile faoi 2030. Tá EUR 142 mhilliún curtha in áirithe faoi ghlaonna an Chiste Eorpaigh Cosanta agus tá tionscadail á roghnú faoi láthair (2025)

[85] E.g. soláthar trealaimh iompair dé-úsáide a dhreasú, tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha a threisiú, a nuachóiriú, a leathnú agus a athrú chun táirgí a tháirgeadh agus a chothabháil, ar táirgí iad lena rannchuidítear leis an tsoghluaisteacht mhíleata agus lena bhfeabhsaítear an tsoghluaisteacht mhíleata, chomh maith le hoiliúint, athsciliú agus uas-sciliú pearsanra.

[86] Déanfar na gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta le haghaidh na coda Iomaíochais de Cholún II d'Fhís Eorpach a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas.

[87] Don tréimhse 2015-2024

[88] Lena n-áirítear i réimsí amhail loingseoireacht, nuálaíocht, ardmhonaraíocht agus cosaint

[89] TechEU — ionad ilfhreastail le haghaidh nuálaithe Eorpacha

[90] I gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le Státchabhair i gcás inarb infheidhme

[91] Amhail táirgeadh agus glacadh breoslaí inbhuanaithe, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh long, athnuachan cabhlaigh, infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí muirí glana nuálacha, agus bonneagar inbhuanaithe agus OPS i gcalafoirt.

Chun dícharbónú muirí a éascú a thuilleadh agus chun tacú le hathléimneacht agus ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais, breithneoidh an Coimisiún, faoin athbhreithniú CTA atá le teacht, **sásra tiomnaithe de chuid an Aontais chun tacú go díreach le cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil lamháltais CTA acu** chun breoslaí inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí tiomána glana atá nasctha le critéir thosaíochta spriocdhírithe an Aontais a ghlacadh.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit **Creat Státchabhrach nua an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan (CSCCTG)** a ghiaráil chun tacú le hinfheistíochtaí i ndícharbónú tionsclaíoch agus in éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear i saoráidí monaraíochta muirí, chomh maith le hacmhainneacht mhonaraíochta i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta atá ábhartha don earnáil mhuirí a leathnú[92].

Leis na **Treoirlínte maidir le hIompar de Thalamh agus Iompar Ilmhódach** atá ar na bacáin agus leis an **Rialachán Blocdhíolúine nua maidir le hIompar**, beifear in ann bearta cabhrach infheistíochta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh tacú le hathnuachan cabhlaigh soithí loingseoireachta intíre[93] agus le craenacha a shuiteáil ar bord soithí intíre. Ceadófar leo freisin bearta cabhrach oibriúcháin chun freastal ar laghdú costas seachtrach nuair atáthar ag aistriú chuig roghanna ilmhódacha lena n-áirítear loingseoireacht ghearrthurais nó uiscebhealaí intíre, i gcomparáid le hiompar de bhóthar amháin.

### *6.3 Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialála maidir le maoiniú long*

Tá laghdú leanúnach tagtha ar sciar na bpunann loingseoireachta domhanda atá i seilbh banc Eorpach le blianta beaga anuas, ag titim ó 72 % in 2013 go 49.7 % in 2023[94]. Tá treochtaí éagsúla ann ar fud na mBallstát, agus laghduithe géara i roinnt acu agus tá siad cobhsaí nó fiú ag méadú neamhchosaint na mbanc ar loingseoireacht i mBallstáit eile. Go ginearálta, áfach, tá níos mó agus níos mó deiseanna maoinithe á lorg ag cuideachtaí loingseoireachta an Aontais i mbainc tríú tíortha agus in institiúidí léasaithe a thairgeann táirgí maoiniúcháin tarraingteacha. D'fhéadfadh an staid sin dliteanas straitéiseach a chruthú don Aontas agus an bonn a bhaint dá shlándáil eacnamaíoch agus dá leasanna tionsclaíocha, ós rud é go bhféadfaidh institiúidí eachtracha úinéireacht na soithí léasaithe a choinneáil agus ceanglais maidir le hábhar áitiúil a fhorchur. Le timpeallacht rialála atá comhleanúnach intuartha, ba cheart go gcuideofaí le maoiniú long a spreagadh san Aontas agus infheisteoirí a spreagadh chun caipiteal a ghealladh do thionscadail mhuirí ghlasa san Eoraip.

Déanfaidh an Coimisiún **athbhreithniú ar chritéir Thacsanomaíocht Airgeadais Inbhuanaithe an Aontais[95] a bhaineann leis an earnáil uisce-iompair,** chun léiriú níos fearr a thabhairt ar riachtanais uathúla, réaltachtaí teicneolaíocha agus conairí aistrithe aeráide na hearnála. D'fhéadfaí critéir nua, a bhfuil coinne lena bhfoilsiú in R2 2026, a

[92] Áirítear orthu sin breosla-chealla, teicneolaíochtaí tiomána leictrí le haghaidh uisce-iompair, teicneolaíochtaí tiomána gaoithe, teicneolaíochtaí iompair CO2, teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin, trealamh soláthair leictreachais cois cladaigh, teicneolaíochtaí in-athnuaite amach ón gcósta, amhail bunsraitheanna agus snámháin gaoithe amach ón gcósta, teicneolaíochtaí fuinnimh srutha taoide, teicneolaíochtaí fuinnimh tonnta, fostáisiúin agus tiontairí amach ón gcósta.
[93] Is é sin le rá le haghaidh FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga, i bhfoirm ráthaíochtaí.
[94] Taighde Petrofin-Global-Bank-Research-and-Petrofin-Index-of-Global-Ship-Finance-end-2022.pdf
[95] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852

mheas in ionstraimí státchabhrach ábhartha le haghaidh athnuachan cabhlaigh agus infheistíochtaí iarfheistithe[96].

Ar leibhéal na margaí caipitil, **cuideoidh straitéis Coigiltis agus Infheistíochta an Aontais le tuilleadh infheistíochtaí a dhíriú isteach sa gheilleagar** trí bhacainní a bhaint, urrúsú a éascú, infheistíochtaí institiúideacha a dhreasú agus caipiteal trasteorann a shlógadh.

***Gníomhaíochtaí suaitheanta***

- *Tacú le hathnuachan agus dícharbónú an chabhlaigh loingseoireachta faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa atá ann faoi láthair agus acmhainneacht thionsclaíoch intíre á cothú an tráth céanna*
- *Machnamh a dhéanamh, faoin athbhreithniú ar CTA atá ar na bacáin, ar shásra de chuid an Aontais chun tacú le glacadh breoslaí inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí tiomána glana*
- *Na Ballstáit a spreagadh chun cuid d'ioncam CTA a leithdháileadh ar infheistíochtaí dícharbónaithe muirí san Eoraip*
- *Athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir thacsanomaíochta an Aontais chun rochtain ar mhaoiniú inbhuanaithe a fheabhsú agus infheistíochtaí inbhuanaithe a dhreasú*

## 7. ROCHTAIN AR SCILEANNA AGUS AR PHOIST ARDCHÁILÍOCHTA

Tá sé ríthábhachtach cur le tarraingteacht na hoibre i mbraisle mhuirí an Aontais. Tá lucht saothair oilte spreagtha mar bhonn agus mar thaca leis an éifeachtúlacht agus leis an táirgiúlacht, cumasaíonn sé oiriúnú d'athrú teicneolaíoch, áirithíonn sé coinneáil agus aistriú eolais, agus tacaíonn sé le cuspóirí inbhuanaitheachta agus, an tráth céanna, rannchuidíonn sé le héiceachóras muirí iomaíoch athléimneach nuálach san Aontas.

### *7.1 Lucht saothair longthógála agus maraithe an Aontais a uas-sciliú agus a athsciliú*

Tá éabhlóid theicneolaíoch, glacadh breoslaí malartacha, an t-uathoibriú méadaitheach agus an digitiú ag spreagadh an éilimh ar mharaithe ardoilte, ar ghairmithe ar tír agus ar oibrithe sa longthógáil agus sa mhonaraíocht mhuirí. Tá gá le hinfheistíocht straitéiseach san oideachas agus san oiliúint chun ganntanais lucht saothair a chosc, chun maoin intleachtúil a dhaingniú, chun spleáchas ar oibrithe nach oibrithe de chuid an Aontais iad a laghdú agus chun fios gnó a chosaint laistigh den Aontas.

Cuirtear i dtábhacht sa Chonair Aistrithe um Shoghluaisteacht[97] riachtanais mhóra uas-scilithe agus athscilithe agus suas le 40 % den lucht saothair longthógála a mheastar a bheith ag dul ar scor faoi 2030. Sa Chomhshocrú um Scileanna[98] maidir le Longthógáil, gheall comhpháirtithe tionscail 7 % d'fhostaithe a uas-sciliú agus a athsciliú gach bliain agus 234,000 oibrí nua a mhealladh faoi 2030. San earnáil loingseoireachta, is gá suas le

[96] Áirítear sa Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ('RGBD'), a ndéanfar athbhreithniú air in 2026, ranna sonracha maidir le cabhair chun tacú le soithí glana agus soithí astaíochtaí nialasacha a fháil nó soithí atá ann cheana a iarfheistiú. Ar an gcaoi chéanna, áirítear ranna ábhartha sna Treoirlínte maidir leis an Aeráid, Cosaint an Chomhshaoil agus Cúnamh Fuinnimh ('CEEAG'), a glacadh i mí Eanáir 2022.

[97] Conair an aistrithe d'éiceachóras tionsclaíoch soghluaisteachta an Aontais (2024) https://ec.europa.eu/docsroom/documents/57674

[98] Laistigh den Chomhshocrú um Scileanna, bunaíodh Comhpháirtíochtaí Scileanna eile ar mhórscála atá ábhartha don mhonaraíocht mhuirí freisin san Aeraspás agus sa Chosaint agus i bhFoinsí In-athnuaite Fuinnimh amach ón gCósta.

250,000 maraí a athsciliú agus a uas-sciliú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais theicneolaíocha atá ag teacht chun cinn agus ar riachtanais a bhaineann le breosla.

I gcomhréir le riachtanais an tionscail, tacóidh an Coimisiún le hinstitiúidí oideachais agus le comhpháirtithe sóisialta **bearnaí scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a shainaithint** agus **cláir athscilithe agus uas-scilithe a fhorbairt**[99].

*7.2 Soghluaisteacht, tarraingteacht agus poist ardcháilíochta*

Is dúshlán fós é pearsanra cáilithe a mhealladh agus a choinneáil. Tá an Coimisiún réidh chun cabhrú leis na Ballstáit na gairmeacha muirí a dhéanamh tarraingteach agus an tsoghluaisteacht idir róil ar muir agus róil cois cladaigh a chur chun cinn, agus an tráth céanna tacú le gairmeacha ar feadh an tsaoil ar fud na braisle muirí agus cruthú post lena n-áirítear i bpobail chósta agus i bpobail na n-oileán. Chun soghluaisteacht laistigh den bhraisle a fheabhsú, **tacóidh an Coimisiún le comhpháirtithe sóisialta agus le hinstitiúidí oideachais mhuirí chun gairmeacha muirí a mhapáil.** Cuideoidh sé sin freisin le taithí a choinneáil agus bonn tionsclaíoch na hEorpa a neartú.

Tá mná faoi ghannionadaíocht i ngairmeacha muirí, go háirithe sa loingseoireacht ach i ngairmeacha cois cladaigh freisin. Tacóidh an Coimisiún le comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí eile chun rannpháirtíocht na mban san earnáil mhuirí a mhéadú.

Ní mór spás oideachais mhuirí na hEorpa a fhágáil gan teorainn. Is tosaíocht é aitheantas frithpháirteach céimeanna, cáilíochtaí agus deimhnithe a áirithiú laistigh den bhraisle mhuirí ar fud an Aontais, agus i gcás inar féidir le tríú tíortha. Tacóidh an Coimisiún le **líonra d'institiúidí ardoideachais mhuirí agus d'ionaid ghairmoiliúna a chruthú** ar fud an Aontais agus déanfaidh sé comhordú ar an gcruthú sin. Rud atá tábhachtach, cuideoidh an Coimisiún leis na Ballstáit deireadh a chur le bacainní ar shoghluaisteacht mac léinn agus foirne acadúla, lena n-áirítear trí **rannpháirtíocht bhreise institiúidí ardoideachais mhuirí in Erasmus+ a chur chun cinn**.

Léirigh géarchéimeanna a tharla le déanaí gur príomhoibrithe iad maraithe agus pearsanra muirí eile, lena n-áirítear oibrithe monaraíochta[100]. Tá a gcuid oibre ríthábhachtach chun an domhan a choinneáil ag gluaiseacht agus chun athléimneacht bhonn tionsclaíoch agus shlabhraí soláthair an Aontais a áirithiú.

Tá dúshláin leanúnacha roimh an earnáil saothair mhuirí a bhaineann ní hamháin le ganntanas scileanna ach le dálaí oibre ar bord agus ar tír araon freisin. Chun tacú le poist ardcháilíochta, tá gá le **hidirphlé sóisialta** láidir, dálaí oibre cothroma agus ionaid oibre shábháilte. Tá sé ríthábhachtach reachtaíocht saothair an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear an **Treoir maidir le hOibrithe a Phostú** [101]agus an acquis

[99] Lena n-áirítear tríd an Straitéis um Athnuachan Gorm ó Ghlúin go Glúin atá ar na bacáin, a mheastar a fhoilseofar in 2027. Cuirfidh tuilleadh gníomhaíochta freisin leis an obair ar cuireadh tús léi cheana féin le hardán MED-NET, a cruthaíodh mar obair leantach ar thionscadal SkillSea, agus ar an gComhshocrú um Scileanna maidir le Longthógáil. Cuirfear san áireamh freisin an Staidéar chun Tacú le Forbairt agus Dearadh Scileanna sa Gheilleagar Gorm (2025) agus tionscnamh an Chreata Inniúlachta BlueComp. Forbrófar Clár Oibre Scileanna freisin faoi chuimsiú an Chomhshocraithe don Mheánmhuir chun aghaidh a thabhairt ar scileanna an lucht saothair agus chun oiliúint a ailíniú le riachtanais an tionscail.

[100] https://docs.un.org/en/A/RES/75/17

[101] Níl feidhm ag an treoir maidir le gnóthais cabhlaigh trádála i ndáil le pearsanra muirghabhála

maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, chun cothrom iomaíochta agus fostaíocht tharraingteach a áirithiú[102].

**Oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar chaighdeáin saothair ag EIS** agus ar an gcomhar leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair chun forfheidhmiú aonfhoirmeach rialachán agus **cosaintí aontaithe do mharaithe** a áirithiú, rud a chuirfidh le cothrom iomaíochta domhanda. Réimse amháin ina bhfuil gá le dul chun cinn is ea aghaidh a thabhairt ar scéimeanna slándála sóisialta éagsúla do mharaithe. Cuirfidh an Coimisiún comhordú níos fearr na scéimeanna sin chun cinn, lena n-áirítear trí ról an **Údaráis Eorpaigh Saothair a neartú, go háirithe chun gníomhaíochtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a fheabhsú,** agus ailíniú reachtaíocht an Aontais agus caighdeán idirnáisiúnta á n-áirithiú an tráth céanna.

***Gníomhaíochtaí suaitheanta***

- *Líonra d'institiúidí ardoideachais mhuirí agus d'ionaid ghairmoiliúna ar fud an Aontais a chruthú lena gcuirfear oideachas agus oiliúint ar fáil do phoist bhraisle mhuirí lena n-áirítear cláir athscilithe agus uas-scilithe.*
- *Na Ballstáit a spreagadh agus tacú leo chun rannpháirtíocht an ardoideachais mhuirí in Erasmus+ agus i dtionscnaimh ghaolmhara a mhéadú trí nósanna imeachta a éascú agus trí bhacainní ar shoghluaisteacht foghlama a bhaint.*

## 8. CONCLÚID

Is éard atá sa straitéis seo plean gníomhaíochta struchtúrtha a éilíonn iarracht chomhbheartaithe ó na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear institiúidí an Aontais, na Ballstáit, an tionsclaíocht, na réigiúin, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta. Tá an Coimisiún tiomanta a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é agus go mbainfear amach a chuspóirí i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara thuasluaite uile. Chuige sin, seolfaidh an Coimisiún **Bord Ardleibhéil um Thionscail Mhuirí agus Calafoirt,** faoi chathaoirleacht an Choimisinéara fhreagraigh agus Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin d'fhonn malartú leanúnach a bheith ann maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach i **straitéis Mhuirí Tionsclaíoch an Aontais agus sa Straitéis Eorpach um Chalafoirt** araon, agus chun aiseolas a bhailiú maidir le forbairtí sa mhargadh.

[102] Cuireann an Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán tiomantas agus bonn athnuaite ar fáil chun cearta oibrithe a áirithiú agus coinneáil suas le hathruithe teicneolaíocha, eacnamaíocha agus sochaíocha an tráth céanna.

**IARSCRÍBHINN: ACHOIMRE AR NA BEARTA** (le nuashonrú bunaithe ar an bpríomhthéacs deiridh)

**<u>Colún I — Tógáil, feistiú agus Deisiú</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- Comhghuaillíocht an Aontais um Shlabhraí Luacha Tionsclaíocha Muirí a sheoladh chun ceannasacht thionsclaíoch agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a neartú i margaí tosaigh roghnaithe sa mhonaraíocht mhuirí agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (*2026*)
- Glao suaitheanta T & N 'Longchlóis na Todhchaí' a chur i bhfeidhm faoi Chlár Oibre Fís Eorpach 2026-27 (*ar siúl faoi láthair*)
- Nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú tríd an nGníomh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht atá beartaithe, lena n-áirítear i saoráidí monaraíochta muirí (*2026*)
- Oibriú le Ballstáit AE/LEE chun píblíne chomhiomlánaithe ilbhliantúil d'orduithe poiblí a shainaithint agus a éascú ar fud ceannaitheoirí poiblí AE/LEE chun comhartha éilimh comhiomlánaithe fadtéarmach a chruthú (*2026-27*)
- Ceanglais spriocdhírithe neamhphraghais a mholadh, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta, i ndeighleoga straitéiseacha soláthair phoiblí roghnaithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá ar na bacáin ar chreat soláthair phoiblí an Aontais (*2026*)
- Idirphlé struchtúrtha a sheoladh le tionscal monaraíochta muirí an Aontais d'fhonn a chumais faisnéise a fheabhsú a thuilleadh chun faireachán a dhéanamh ar bheartas longthógála agus ar fhorbairtí sa mhargadh, ar rioscaí straitéiseacha, ar bhagairtí ar athléimneacht an tslabhra soláthair agus ar dheiseanna ina leith, chomh maith le bacainní ar rochtain ar an margadh i dtríú tíortha (*2026*)
- Measúnú a dhéanamh ar roghanna agus, i gcás inar gá agus inarb indéanta, ionstraim nua earnáilsonrach, nó leasuithe spriocdhírithe ar a bhosca uirlisí maidir le beartas trádála a mholadh, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta, agus deighleoga sonracha á gcur i dtábhacht atá ríthábhachtach d'uathriail straitéiseach agus do shlándáil na hEorpa agus ina bhfuil longchlóis an Aontais fós gníomhach ach ina bhfuil iomaíocht éagórach ann thar lear
- Comhaontuithe trádála agus infheistíochta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a ghiaráil chun leasanna bhonn monaraíochta muirí an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain ar an margadh, frith-fhóirdheontas, oibleagáidí trédhearcachta agus forálacha cosanta ceart maoine intleachtúla (*ar leanúint*)
- Iarrachtaí a athsheoladh i dtreo comhaontú idirnáisiúnta amach anseo i réimse na longthógála lena rachfaí i ngleic le cleachtais neamh-mhargaidh san earnáil (*gníomhaíocht leanúnach/fadtéarmach*)
- Cothrom iomaíochta a chothú i gcreidmheasanna onnmhairiúcháin do longa tríd an Tuiscint Earnála maidir le Longa i Socrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear trí fhorálacha nua maidir le longa astaíochtaí nialasacha agus ísle (*2026-27*)
- Uirlis mhaoiniúcháin nua a chruthú le haghaidh Creidmheasanna Onnmhairiúcháin chun cothrom iomaíochta níos fearr a áirithiú ar mhargaí tríú tíortha do thionscail atá dírithe ar onnmhairiú amhail monaraíocht mhuirí (*ar siúl faoi láthair*)
- Coinbhinsiún Hong Cong maidir le hAthchúrsáil Long a neartú d'fhonn ailíniú iomlán a bhaint amach ar deireadh idir rialacha idirnáisiúnta agus rialacha an Aontais (*ar leanúint*)
- Féachaint ar bhealaí chun tacú le leathnú acmhainneacht athchúrsála long intíre an Aontais agus oibriú le comhpháirtithe trádála le hathchúrsáil long, ag tosú leis an India, chun ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta a chothú, ag tógáil ar Rialachán an Aontais maidir le hAthchúrsáil Long (*ar leanúint*)

- Tacú le straitéisí ciorclaíochta muirí ó dhearadh go haisghabháil deireadh ré agus ábhair trí thacaíocht T & N (*ar leanúint*)

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Tús áite a thabhairt do thacaíocht chistiúcháin do thionscadail a thacaíonn leis an tslándáil eacnamaíoch agus a laghdaíonn spleáchais eachtracha san earnáil, ag tógáil ar an Teachtaireacht Chomhpháirteach nua maidir le slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú (*ar leanúint*)
- Rannchuidiú le fís thionsclaíoch mhuirí 2030 an Aontais a leagtar amach sa straitéis a bhaint amach

**Moltar do pháirtithe leasmhara na hearnála an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Dul chun cinn sa digitiú, sa mhodúlacht agus sa chiorclaíocht a ghiaráil i bpróisis thionsclaíocha chun éifeachtúlachtaí deartha agus táirgthe agus cleachtais inbhuanaithe a fheabhsú (*ar leanúint*)
- Sineirgí tionsclaíocha agus slabhra luacha a chothú, agus Comhghuaillíocht nua an Aontais um Shlabhraí Luacha Tionsclaíocha Muirí agus ardáin bhraislithe náisiúnta agus réigiúnacha eile de chuid an Aontais á ngiaráil (*ar leanúint*)

**<u>Colún II – Iompar agus nascadh</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- Leanúint le treoirlínte an Chomhphobail maidir le Státchabhair don mhuiriompar (*ar leanúint*)
- Idirphlé comhair struchtúrtha a bhunú leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara tionscail chun bratacha na mBallstát a dhéanamh níos tarraingtí (*ó 2026 ar aghaidh*)
- Machnamh a dhéanamh ar conas an creat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe atá ann cheana le haghaidh CTA AE Muirí agus FuelEU Maritime a shimpliú agus a chuíchóiriú (*2026*)
- Leanúint den obair laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun oibriú i dtreo réitigh dhomhanda agus athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus bearta domhanda ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta á gcur san áireamh chun íocaíocht dhúbailte a sheachaint (*ó 2026 ar aghaidh*)
- Comhar a éascú idir gníomhaithe margaidh trí líonra Eorpach de lánaí agus moil loingseoireachta glasa a chruthú (*ó 2027 ar aghaidh*)
- An rannpháirtíocht san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta a neartú chun caighdeáin sábháilteachta muirí a mhúnlú, i dtreo cothrom iomaíochta domhanda a áirithiú (*ar leanúint*)
- Tuarascáil a réiteach ar Threoir an Aontais maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí agus ar an Treoir maidir le Trealamh Muirí mar ullmhúchán dá n-athbhreithniú (*2026-2027*)
- Machnamh a dhéanamh ar cheanglais sábháilteachta an Aontais maidir le longa paisinéirí a leathnú chuig gach bealach laistigh den Aontas (*2027-2028*)
- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá creat de chuid an Aontais chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do shoithí seirbhíse agus tionsclaíocha amach ón gcósta (*2027-2028*)
- Machnamh a dhéanamh ar raon feidhme na Treorach maidir le Trealamh Muirí nó na socruithe aitheantais fhrithpháirtigh atá ann cheana idir eagraíochtaí aitheanta a leathnú chun próisis formheasa a shimpliú agus chun rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta a fheabhsú (*2027*)
- Faireachas agus faireachán ar oibríochtaí scáthchabhlaigh a neartú, forfheidhmiú na rialacha atá ann cheana a fheabhsú agus comhar idirnáisiúnta a dhoimhniú chun

caighdeáin dhomhanda sábháilteachta muirí agus chomhshaoil a chaomhnú (*ar leanúint*)

- Idirnascacht phras a shaothrú idir na hIonaid Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta agus an Mol Sonraí Custaim a bheidh ann amach anseo (*ó 2027 ar aghaidh*)
- Dul i gcomhairle leis an tionscal muirí maidir le simpliú breise ar nósanna imeachta riaracháin agus ar cheanglais sonraí a shainaithint (*ó 2026 ar aghaidh*)
- Iarrachtaí an Aontais san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta a threisiú, i gcomhar leis na Ballstáit, agus féachaint le tionchar an Aontais a uasmhéadú trí chomhghuaillíochtaí níos leithne le comhpháirtithe idirnáisiúnta (*ar leanúint*)
- Leanúint de ghealltanais chuimsitheacha maidir le seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta a áireamh i gcomhaontuithe saorthrádála (*ar leanúint*)
- Reachtaíocht a mholadh lena leagtar síos coinníollacha do na Ballstáit chun a dhearbhú go bhfuil comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana comhoiriúnach le dlí an Aontais agus chun comhaontuithe nua a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích lena gcuirtear leasanna an Aontais chun cinn (*2026*)
- Obair leantach a mholadh ar chlár NAIADES III d'earnáil na n-uiscebhealaí intíre (*2028*)

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Bearta pragmatacha a chur chun cinn a thuilleadh chun feabhas a chur ar tharraingteacht bhratacha Bhallstáit an Aontais
- Cur chun feidhme Rialachán TEIIM a thabhairt chun críche
- Oibriú i gcomhpháirt leis an gCoimisiún chun ceanglais tuairiscithe náisiúnta agus ceanglais tuairiscithe an Aontais a shimpliú agus a chuíchóiriú
- Dlús a chur leis an gcomhar agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun láithreacht straitéiseach an Aontais a neartú i réimsí na scrogall mhuirí idirnáisiúnta

**<u>Colún III – Daingniú agus cosaint</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- Tacú le borradh a chur faoi acmhainneachtaí táirgeachta tionsclaíche cabhlaigh, lena n-áirítear tríd an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus tríd an bPlean ReArm Europe (*2026-27*)
- A mholadh go saothrófaí sásra tacaíochta maidir le tógáil bád farantóireachta dé-úsáide chun acmhainní airgeadais a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí atá nasctha le sonraíochtaí míleata breise le haghaidh báid farantóireachta dé-úsáide a thógtar san Eoraip (*2027*)
- Rialacha cibearshlándála láidre ceangailteacha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta a shaothrú chun cibir-rioscaí ginearálta muirí do shoithí sibhialta a laghdú (*ó 2026 ar aghaidh*)

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Leas a bhaint as na deiseanna éagsúla faoi Ullmhacht 2030 chun cumais thionsclaíocha agus theicneolaíocha chabhlaigh a neartú i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise seo

**<u>Colún IV – Rochtain ar an nuálaíocht</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- An mhodheolaíocht chun cuntas a thabhairt ar fhuinneamh tiomána gaoithe a bheachtú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí rialála ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (*ó 2027 ar aghaidh*)
- Leanúint den obair i dtreo creat láidir beartais maidir le tiomáint cumhachta núicléiche sa loingseoireacht tráchtála (*ó 2026 ar aghaidh*)
- Leasú ar an Rialachán maidir le hInnealra Soghluaiste nach Innealra Bóthair é a mholadh chun hidrigin a cheadú mar bhreosla tagartha d'innill innealra shoghluaiste nach innealra bóthair é i soithí loingseoireachta intíre (*2026*)
- Creat rialála agus teicniúil a shaothrú le haghaidh réitigh loingseoireachta gan foireann lena n-áirítear treoirlínte agus dea-chleachtais ar leibhéal an Aontais le haghaidh tástálacha agus trialacha ainmnithe ar muir (*ó 2026 ar aghaidh*)
- Raon feidhme na tacaíochta T & N don earnáil uisce-iompair a neartú agus a leathnú, ag tógáil ar an méid a baineadh amach leis an gComhpháirtíocht um Uisce-Iompar Astaíochtaí Nialasacha atá comhchláraithe faoi láthair (*ó 2028 ar aghaidh*)
- Feabhas a chur ar phróisis tástála i dtaobh teicneolaíochtaí aigéin le haghaidh feidhmeanna éagsúla trí Straitéis Taighde agus Nuálaíochta an Aontais maidir leis na hAigéin atá ar na bacáin (2026)
- Bonneagair thaighde agus theicneolaíochta le haghaidh uisce-iompair freisin a mhapáil agus a mheasúnú agus rochtain ar na bonneagair sin a chur chun cinn do ghnólachtaí nuathionscanta muirí, do ghnólachtaí muirí atá i mbun fáis, do FBManna muirí agus do chuideachtaí meánchaipitlithe muirí atá ag forbairt teicneolaíochtaí agus réiteach, trí Straitéis an Aontais um Bonneagair Thaighde agus Theicneolaíochta a chur chun feidhme (ó 2026 ar aghaidh)
- Forfheidhmiú córasach dian na n-uirlisí slándála T & N atá ann cheana a áirithiú agus bearnaí atá fós ann a shainaithint chun cuidiú le sceitheadh teicneolaíochta arna chistiú ag an Aontas a chosc (ar leanúint)
- An Tionscnamh um Fhaire na nAigéan a sheoladh (*OceanEye) (2026*)

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Tacú a thuilleadh le glacadh tapa na nuálaíochta, lena n-áirítear binsí tástála agus turgnaimh rialála

**<u>Colún V — Rochtain ar mhaoiniú & infheistíocht</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- Glao ar thograí a sheoladh faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa chun tacú le hathnuachan agus dícharbónú an chabhlaigh loingseoireachta, agus báid farantóireachta agus soithí cósta á gcur i dtábhacht go háirithe (*2026*)
- EUR 347 mhilliún a eisíoc faoi *SCE Digiteach* le tionscadail straitéiseacha cáblaí fomhuirí, lena n-áirítear chun acmhainneachtaí deisiúcháin na hEorpa a fheabhsú (*2026-27*)
- Infheistíochtaí thart ar EUR 1-1,5 billiún a shlógadh, trí InvestEU, san earnáil uisce-iompair faoi 2027 (*faoi 2027*)
- Thart ar EUR 800 milliún d'infheistíochtaí a shlógadh in earnálacha an gheilleagair ghoirm amhail longthógáil, iarfheistiú, loingseoireacht, *teicneolaíocht ghorm* tríd an táirge AnGeilleagar Gorm a dtacaíonn InvestEU agus CEMID leis agus arna chur chun feidhme ag grúpa BEI (*ar siúl faoi láthair*)
- Glao tiomnaithe muirí a mholadh faoin gCiste don Nuálaíocht (*2027*)
- Measúnú breise a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht agus ar a fhorálacha tosaíochta sonracha do thionscadail mhuirí chun dícharbónú na loingseoireachta a fheabhsú a thuilleadh i nglaonna amach anseo (*ó 2026 ar aghaidh*)

- EUR 184,5 milliún a leithdháileadh chun gníomhaíochtaí T & N le haghaidh uisce-iompar a mhaoiniú go dtí 2027 (t*rí Chlár Oibre Fís Eorpach 2025 agus 2026-2027)*
- EUR 130 milliún a chur ar fáil faoi ghlaonna an Chiste Eorpaigh Cosanta ar ábhair amhail soithí dromchla leath-uathrialaitheacha feabhsaithe agus cosaint bonneagair ghrinneall na farraige (*2026*)
- Machnamh a dhéanamh ar thacú le hinfheistíochtaí i soithí glana digitithe chomh maith le nuálaíocht agus nuachóiriú longthógála, fuinnimh amach ón gcósta agus *teicneolaíochta goirme* faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas atá beartaithe amach anseo (*ó 2028 ar aghaidh*) faoi réir ghlacadh an Chiste sin
- Sásra tiomnaithe a mheas faoin athbhreithniú ar CTA atá ar na bacáin chun tacú go díreach le cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil lamháltais CTA acu chun breoslaí inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí tiomána glana a ghlacadh (*2026*)
- Bearta cabhrach infheistíochta a chumasú atá dírithe ar thacú le hathnuachan cabhlaigh soithí loingseoireachta intíre agus le suiteáil craenacha ar bord soithí intíre faoi na Treoirlínte maidir le hIompar de Thalamh agus Ilmhódach agus faoin Rialachán Blocdhíolúine nua maidir le hIompar (*2026*)
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir Thacsanomaíocht Airgeadais Inbhuanaithe an Aontais a bhaineann leis an earnáil uisce-iompair (*2026-27*)

**Iarrtar ar na Ballstáit, ar institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, ar bhainc náisiúnta le haghaidh spreagadh an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do thionscadail uisce-iompair

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Cuid d'ioncam CTA a leithdháileadh ar infheistíochtaí dícharbónaithe muirí ar fud na braisle muirí san Eoraip
- Creat Státchabhrach nua an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a ghiaráil chun tacú le hinfheistíochtaí i ndícharbónú tionsclaíoch agus in éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear i saoráidí monaraíochta muirí, agus chun acmhainneacht mhonaraíochta i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta atá ábhartha don earnáil mhuirí a leathnú

**<u>Colún VI – Rochtain ar scileanna agus ar phoist ardcháilíochta</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- Tacú le hinstitiúidí oideachais agus le comhpháirtithe sóisialta bearnaí scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a shainaithint agus cláir athscilithe agus uas-scilithe a fhorbairt (*ó 2027 ar aghaidh*).
- Tacú leis na comhpháirtithe sóisialta agus le hinstitiúidí oideachais mhuirí gairmeacha muirí a mhapáil agus rannpháirtíocht na mban san earnáil mhuirí a mhéadú (*ó 2026 ar aghaidh*)
- Tacú le líonra d'institiúidí ardoideachais mhuirí agus d'ionaid ghairmoiliúna a chruthú ar fud an Aontais agus an líonra sin a chomhordú (*ó 2027 ar aghaidh*)
- Cúnamh a thabhairt do na Ballstáit deireadh a chur le bacainní ar shoghluaisteacht mac léinn agus foirne acadúla, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht bhreise institiúidí ardoideachais mhuirí in ERASMUS+ a chur chun cinn
- Oibriú leis na Ballstáit chun caighdeáin saothair ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus an comhar leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair a fheabhsú chun forfheidhmiú aonfhoirmeach rialachán agus cosaintí aontaithe do mharaithe a áirithiú (*ar leanúint*)
- Comhordú níos fearr ar scéimeanna slándála sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ról an Údaráis Eorpaigh Saothair a neartú, go háirithe gníomhaíochtaí

comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a fheabhsú agus ailíniú reachtaíocht an Aontais agus caighdeán idirnáisiúnta á n-áirithiú an tráth céanna (*ó 2026 ar aghaidh*)